

Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil Bhliantúil 2020



Ina gcuimsítear an Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm

Ráitis Straitéise 2020-2023

Clár

Brollach ón Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Cuid 1: An Oifig

- Ról Abhcóidí Comhairleacha
- Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas
- Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Dlíodóirí ar Iasacht
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Tuilleadh Faisnéise

Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha sa Ráitis Straitéise

Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliainnt

Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliainnt

Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a Fhorbairt

An bealach ina n-oibrímid agus ina soláthraímid ár seirbhísí a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go himmheánach agus go seachtrach araon

Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a Fhorbairt

Oifig dlí a bheith ionainn atá comhaimseartha, lúfar agus fuinniúil agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliainnt agus ár ndaoine

Sprioc Straitéiseach 4: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine

Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus comhoibriú go héifeachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcliainnt

Cuid 3: Iarscríbhinní

- Iarscríbhinn A: Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2020
- Iarscríbhinn B: Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2020
- Iarscríbhinn C: Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2020
- Iarscríbhinn D: Meastacháin agus Torthaí Sealadacha
- Iarscríbhinn E: Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta
- Iarscríbhinn F: Miondealú Foirne
- Iarscríbhinn G: Staitisticí Saorála Faisnéise

Brollach ón Ard-Aighne

Fáiltím roimh Thuarascáil Bhliantúil 2020 d'Oifig an Ard-Aighne (ina n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit), ar tuarascáil í ina dtugtar léiriú ar réimse agus scála fairsing na hoibre a rinneadh san Oifig le linn bliain a bhí thar a bheith dúshlánach.

Bhí freagra an Rialtais i leith na paindéime Covid-19 agus obair leanúnach maidir leis an mBreathimeacht ar na gnéithe ba shuntasáí d'obair na hOifige le linn 2020, a raibh ionchur dlí suntasach ag teastáil ina leith ón Oifig ó thaobh comhairle dlí, corpas ollmhór reachtaíochta cumasúcháin agus soláthar seirbhísí dlíthíochta. Rinneadh an obair seo i dteanna réimse ábhar eile a raibh ionchur dlí comhairleach, dréachtaithe agus/nó dlíthíochta ag teastáil ina leith.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann ar fad in Oifig an Ard-Aighne agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as dul in oiriúint go mear don timpeallacht oibre a bhí i gceist mar gheall ar an bpaindéim agus as a ndúthracht agus tacaíocht i rith na bliana.

Chomh maith leis sin, bhí an bhliain 2020 ina tús leis an dara téarma agam i m'Ard-Aighne agus is léir, san idirlinn, go bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta i réimsí dlí atá an-suntasach a théann i bhfeidhm ar an Rialtas, lena n-áirítear dlí an AE go háirithe. Má tá an Oifig chun an caighdeán seirbhíse a chur ar fáil do Rialtais atá ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an Rialtas seo agus Rialtais amach anseo maidir leis an timpeallacht dlí atá ann anois atá athraithe ó bhonn agus an riachtanas srian a chur le seirbhísí a sheachaint, ní mór infheistíocht shuntasach bhreise a dhéanamh san Oifig. Constaic ar leith maidir le soláthar seirbhíse is ea an deacracht atá ag OPAS foireann dlí a fhostú mar gheall ar rátaí pá bunleibhéil. Níl aon amhras go mbeidh coigilteas suntasach i gceist don Stát ar deireadh thiar trí aghaidh a thabhairt ar an easnamh acmhainní san Oifig.

Paul Gallagher SC

Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom, Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne (ina n-áirítear Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit) don bhliain 2020 a chur i láthair, ar tuarascáil í ina dtugtar mionsonraí faoin raon ilchineálach agus méid oibre a rinneadh ar fud na hOifige i gcaitheamh na bliana.

Chuir an Oifig Ráiteas Straitéise (2020-2023) nua ar fáil i ndiaidh próisis teagmhála le cliaint agus baill foirne ina ndearnadh eolas don tacar spriocanna straitéiseacha uileghabhálacha agus príomhchuspóirí ina dtabharfar treoir d'fhócas na hOifige le linn tréimhse na Straitéise. Éilítear faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 go gcuirfí tuarascáil faoi bhráid an Ard-Aighne ar bhonn bliantúil maidir le dul chun cinn i ndáil leis na cuspóirí a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise a chomhlíonadh.

Clúdaítear faoin tseirbhís a chuirtear ar fáil san Oifig gach gné a bhaineann le gnó agus beartas an Rialtais agus tá cuid mhaith de na réimsí seo ag forbairt i gcónaí. In 2020, dhéileáil an Oifig le héileamh suntasach ar sheirbhísí dlí ónár gcliaint ar fud raon leathan réimsí ábhair. Ar ndóigh, mar gheall ar na dúshláin a bhain leis an bpaindéim Covid-19 don tír, b'éigean leas neamhghnách a bhaint as acmhainní na hOifige ina leith agus bhí seirbhísí dlí ag teastáil i gcónaí i ndáil leis an mBreatimeacht.

Chomh maith leis sin, bhí éileamh mór i gcónaí ar sheirbhísí dlí lasmuigh de na sruthanna sin. Mar shampla, tugadh comhairle i ndáil le ceisteanna tithíochta, póilíníú, maoin Stáit agus soláthar Stáit. In 2020, d'idirghabháil Éire roimh an gCúirt Bhreithiúnais maidir le líon réamhthagairtí ó Bhallstáit eile AE maidir le dlí AE a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i roinnt réimsí.

B'éigean don Oifig dul in oiriúint do shamhail oibre nua mar thoradh ar an bpaindéim agus chuaigh sí i ngleic leis na dúshláin ar bhealach tráthúil agus ar bhealach ar mhinic a bheith an-phráinneach, chun leanúint de sheirbhísí maidir le comhairle dlí, dlíthíocht agus dréachtú reachtaíochta a chur ar fáil dár gcliaint.

Lean an Oifig de bhail foirne dlí a thabhairt ar iasacht chuig poist intíre agus thar lear le linn 2020 trína cláir iasachta inar ghlac 44 ball foirne páirt. Lean Abhcóidí Comhairleacha de chomhairle dlí a chur ar fáil ar fud réimse leathan agus éagsúil saincheistanna a bhain le pointí dlí AE, bunreachtúla, idirnáisiúnta agus intíre.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach de Bhillí Rialtais, chomh maith le leasuithe Chéim an Choiste agus na Tuarascála ar na Billí a dhréachtú. I gcaitheamh na bliana, foilsíodh 35 Bille Rialtais agus achtaíodh 31 Bille Rialtais. Chomh maith leis sin, dhréachtaigh ODP 366 cinn de na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh in 2020, ar bhain 54 cinn le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasú.

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de sheirbhísí speisialaithe aturnae a sholáthar, ar seirbhísí iad inar áiríodh nithe a bhain le dlíthíocht, le cúrsaí maoinne, le conarthaí Rialtais agus le nithe eile maidir le hidirbheartaíocht.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas eisceachtúil agus an obair chrua a rinneadar le linn na bliana chun na héilimh an-suntasach a cuireadh orthu a chomhlíonadh, agus ag an am céanna, dul in oiriúint go han-mhear do thimpeallacht oibre a bhí ag athrú.

Damien Moloney

Ard-Stiúrthóir

Cuid 1
An Oifig

Réamhrá

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí don Rialtas, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 30 den Bhunreacht. Is é Paul Gallagher SC an tArd-Aighne reatha agus ceapadh é i mí an Mheithimh 2020. Déanann an Oifig, ina gcuimsítear trí chomhchuid: Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne agus Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte don Rialtais (“OAA”) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (“OPAS”), cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i ndáil le comhairle dlí a sholáthar don Rialtas. Áiríonn sé sin comhairle a thabhairt d’Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile; reachtaíocht a dhréachtú; feidhmiú thar ceann an Stáit i ndáil le dlíthíocht agus roinnt feidhmeanna eile a fheidhmiú, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d’Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí. Is é an fhís atá againn barr feabhais a spreagadh inár ndaoine, bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí dlí agus seirbhís dhosháraithe a chur ar fáil dár gcliaint.

Mar sin féin, tá cumas na hOifige an tseirbhís riachtanach a chur ar fáil don Rialtas seo agus Rialtais amach anseo lagaithe go mór mar gheall ar na hacmhainní atá ar fáil di. D’fhonn an caighdeán riachtanach seirbhíse a chur ar fáil do Rialtas an lae chun na dúshláin atá tagtha chun cinn mar gheall ar an timpeallacht dlí reatha atá athraithe ó bhonn a chomhlíonadh, tá infheistíocht shuntasach bhreise san Oifig de dhíth. Seachas leibhéil foirne, bhí an-deacracht ag OPAS foireann dlí a earcú mar gheall ar na rátaí pá ísle bunleibhéil a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu d’fhonn leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil. Lena chois sin, mar a luaigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ina Thuarascáil Bhliantúil 2020, tháinig méadú suntasach ar a n-éileamh ar sheirbhísí OPAS, mar thoradh ar mhéadú aschuir i ngníomhaíochtaí an Bhiúró. Chonacthas an feiniméan sin ar fud líon Ranna, ar feiniméan é atá ina léiriú go gcuireann OPAS agus OAA seirbhísí dlí ar fáil bunaithe ar éileamh.

Trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo, cuirfear ar chumas na hOifige an leibhéal seirbhíse atá ag teastáil a chur ar fáil agus ciorrú seirbhíse a seachaint. Chomh maith leis sin, sábhálfar go leor iolraí den chostas don Stát ar deireadh thiar.

Tá OAA suite i dTithe an Rialtais ar Shráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil líon foirne tuairim is 140 duine lonnaithe. I measc na mball foirne, áirítear Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Feasa Gnó. Tá OPAS suite ar Shráid na gCaorach Bheag agus ar Lána na Seansaíreachta agus tá foireann thart ar 300 ann lena n-áirítear thart ar 160 aturnae agus 30 oifigeach feidhmiúcháin dlí mar aon le foireann riaracháin agus foireann Leabharlainne agus Feasa Gnó.

Is é an tArd-Stiúrthóir, Damien Moloney, ceann riaracháin na hOifige. Eisean atá i

gceannas ar Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne. Is í June Reardon an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus is í Maria Browne an Príomh-Aturnae Stáit. Is é an tArd-Stiúrthóir an t-oifigeach cuntasáiochta do OAA agus is é an Príomh-Aturnae Stáit an t-oifigeach cuntasáiochta do OPAS.

Is é an tArd-Aighne príomh-oifigeach dlí an Stáit agus is í Oifig an Ard-Aighne príomh-oifig dlí an Stáit. Léiríonn raon na hoibre san Oifig scóip iomlán ghnó agus bheartas an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne óna n-eascaíonn iarrataí ar chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta príomha agus tánaistí agus cosaint a dhéanamh in imeachtaí cúirte. Déileáiltear le saincheisteanna dlí i réimsí mórchospóide agus i réimsí íogaire amhail dlí AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil. Ina theannta sin, soláthraíonn an Oifig comhairle dlí thráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí sna réimsí a bhaineann le soláthar poiblí, conarthaí, státchabhair, maoin an Stáit agus maoin intleachtúil. Tugann sí comhairle freisin maidir le cuid mhór gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit e.g. ceapacháin, araíonacht agus pinsin.

Tá tuiscint fhíormhaith san Oifig ar an tseirbhís phoiblí, ar chúrsaí Rialtais agus ar an bpróiseas reachtach mar aon le hardleibhéal cuimhne agus feasa gnó chorparáidigh. Glacann sí páirt i líon mór coistí, grúpaí oibre agus líonraí gairmiúla de chuid na seirbhíse poiblí, de chuid ghairm an dlí agus de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta. Díorthaíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, ó chultúr na hOifige agus ó chineál láraithe sheirbhís dlí an Rialtais. Díorthaíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí ó ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a bhíonn gá le cur chuige uile-Rialtais.

De bharr chineál dinimiciúil na hoibre, agus athruithe leanúnacha ag tarlú i ndlí na hÉireann, i ndlí Eorpach agus i ndlí idirnáisiúnta, mar aon le hathruithe leanúnacha ar imthosca agus ar riachtanais, tá gá le hOifig fhreagrúil agus le comhlíonadh na gcaighdeán is airde i dtaca le seirbhís ghairmiúil agus seirbhís phoiblí.

Ról Abhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas Abhcóidí Comhairleacha cúnaimh a thabhairt don Ard-Aighne i ndáil lena chuid feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgas a chur chun feidhme. Tá raon na n-ábhar a bhíonn i gceist chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach is féidir na gníomhaíochtaí a rangú i dtrí chatagóir tríd is tríd–

- comhairle dlí a sholáthar
- dlíthíocht a stiúradh
- comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Tá na hAbhcóidí Comhairleacha roinnte ina gcúig ghrúpa speisialaithe agus oibríonn siad go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas, áit a dtugann siad comhairle faoi shaincheisteanna dlíthiúla le linn reachtaíocht a dhréachtú, agus in OPAS, áit

a dtugann siad comhairle maidir le dlíthíocht a sheoladh agus maidir le nithe eile a bhaineann le comhairle dlí. Ina theannta sin, oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcúnamh a sholáthraítear don Ard-Aighne roimh chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt i dtaobh an gcomhlíonann cinneadh Rialtais beartaithe nó scéim reachtach de chuid an Rialtais forálacha an Bhunreachta, reachtaíocht, Conarthaí agus dlí an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire dóibh.

Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Déanann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (“ODP”) seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Déanann dlíodóirí speisialachais ODP, (Dréachtóirí Parlaiminte), reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla, lena n-áirítear rialacháin agus orduithe Rialtais) a mbaineann cineálacha éagsúla castachta agus práinne leo a dhréachtú d’fhonn beartas an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht AE a thrasú i ndlí na hÉireann.

Tá freagracht ar ODP freisin i ndáil le dréachtú leasuithe Rialtais ar Bhillí (lena n-áirítear Billí Comhaltaí Príobháideacha) ag Céim an Choiste agus ag Céim na Tuarascála le linn Bille a bheith ag dul trí Thithe an Oireachtais.

Mar thoradh ar obair ODP, cumasaítear don Rialtas a gClár Reachtaíochta a chur i bhfeidhm agus déanann ODP idirchaidreamh dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí a dtugann an Rialtas tús áite dóibh.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar ODP agus tá an oifig roinnte ina ceithre ghrúpa dréachtaithe. Rinneadh dréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla do 18 Roinn Rialtais a roinnt i measc na ngrúpaí dréachtaithe, agus gach grúpa ar leith ag plé le roinnt Ranna sonraithe.

Faigheann na Dréachtóirí Parlaiminte ardleibhéal oiliúna maidir leis an disciplín dréachtaithe reachtaíochta agus, chomh maith le beartas an Rialtais a léiriú, ní foláir go mbeidh an reachtaíocht sin slán ó thaobh an Bhunreachta de, go dtugtar aird inti ar an gcóras dlí i gcoitinne agus go mbeidh sí soiléir agus éifeachtach.

Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá OPAS ar an bpríomhsholáthraí Seirbhísí Aturnae don Ard-Aighne agus don Rialtas. Cuireann OPAS réimse leathan seirbhísí dlí ar fáil don Ard-Aighne agus do Ranna agus Oifigí, ar fud na cúig Rannán dlí seo a leanas: Rannán an Dlí Riaracháin; Rannán an Dlí

Chomhairligh, Tráchtála & Fostaíochta; Rannán an Dlí Bunreachta & Dlíthíochta Stáit; an Rannán Ceartais; agus an Rannán Maoine Stáit atá miondealaithe tuilleadh ina 17 rannóg agus aonad dlí.

Cuirtear seirbhís aturnae dlí chomhairleach, dlíthíochta agus idirbheartaíochta iomlán ar fáil ar fud raon leathan réimsí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- dlíthíocht bhunreachta, shibhialta agus thráchtála a bhaineann le Ranna Rialtais, Oifigí agus An Garda Síochána
- athbhreithniú breithiúnach (maidir le cúrsaí ginearálta agus maidir le hinimirce agus tearmann araon)
- dlíthíocht chomhshaoil agus soláthair
- ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát os comhair na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta agus Chúirt Comhlachas Saorthrádála na hEorpa
- dlíthíocht maidir le heiseachadh, an Barántas Gabhála Eorpach agus Cúnamh Frithpháirteach
- dlíthíocht fostaíochta
- ionchoisní agus Ionchúisimh Aire
- airgead calaoiseach nó airgead a fhaightear trí choireacht a aisghabháil
- éilimh tortacha
- iarratais habeas corpus
- ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint i gcomhréitigh agus eadránacha agus roimh Bhinsí Fiosrúcháin agus Coimisiúin Imscrúdúcháin
- seirbhís tíolactha idirbheartaíochtaí do Ranna Rialtais agus OOP
- léasú agus ceadúnú tráchtála agus ceisteanna maidir le tiarnaí talún agus tionóntaí
- urrús ar mhaoin chun infheistíochtaí caipitil Stáit a chosaint
- réadmhaoin agus maoin phearsanta a chineadh don Stát faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus faoin Acht Comharbais 1965
- seirbhísí idirbheartaíochta iomlána soláthair phoiblí agus dlí tráchtála don Oifig um Sholáthar Rialtais agus Ranna Rialtais

Dlíodóirí ar Iasacht

Is féidir Abhcóidí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht do Ranna Rialtais mar Chomhairleoirí Dlí inmheánacha. Ag deireadh na bliana 2020 bhí 32 Abhcóide Comhairleach ar iasacht i 14 Roinn. Bhí Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht i mBuanionadaíocht AE agus bhí Abhcóide Comhairleach eile ar iasacht sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. Chomh maith leis sin, bhí beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar Shaineolaithe Náisiúnta in institiúidí AE. Glacann Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht páirt i ngach saincheist mhór dlí laistigh de Ranna agus cuireann siad comhairle dlí ar fáil go díreach chuig Ranna. Gníomhaíonn siad mar nasc idir an Roinn agus Oifig an Ard-Aighne.

In 2020, tugadh ochtar aturnae OPAS ar iasacht don Choimisiún Eorpach, don Roinn Oideachais, do na Coimisiúin Imscrúdúcháin agus don Bhinse Fiosrúcháin um Nochtadh.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Déantar an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú go hiomláin ó vóta Oifig an Ard-Aighne*. Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh dá réir sin maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a dhéanamh inrochtana do chách. Déantar clár an Choimisiúin a chur i gcrích go príomha faoi chlár athchóirithe an dlí a cheadaíonn an Rialtas agus a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ina theannta sin, oibríonn an Coimisiún ar nithe sonracha a ndéanann an tArd-Aighne a tharchur chuige faoi Acht 1975.

Tuilleadh Faisnéise

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le OAA agus OPAS, tabhair cuairt, le do thoil, ar ár láithreáin ghréasáin ag www.attorneygeneral.ie agus ag www.ccsso.ie.

Cuid 2

Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha an Ráitis Straitéise *

B'éigean aghaidh a thabhairt ar dhúshlán mhóra sa bhliain 2020. Comhaontaíodh Clár uailmhianach don Rialtas i gcomhthéacs athrú sóisialta agus geilleagrach thar na bearta a tháinig chun cinn mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19 agus na dúshlán leanúnacha a bhain le haistarraingt na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Bhí ar an Oifig í féin a chur in oiriúint ar bhealach suntasach chun éascaíocht a dhéanamh ar chianobair agus bealaí nua a fhorbairt chun a seirbhísí a chur ar fáil i lár na paindéime Covid-19. In ainneoin na n-athruithe radacacha seo, bhí an Oifig ar fáil i gcónaí chun cuidiú leis an Rialtas maidir lena chuid tosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm ar bhealach chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus ab fhéidir.

Covid-19

Beidh an iliomad saincheisteanna dlí nua ag teacht chun cinn mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus freagra an Rialtais uirthi agus is cosúil go mbeidh freagairt shuntasach agus mharthanach ag teastáil ina leith sin, maidir le reachtaíocht a ullmhú agus dlíthíocht iarmhartach araon.

Chomh maith leis an dúshlán a bhaineann leis an sruth nua oibre seo a bhainistiú, beidh dúshlán leanúnacha i gceist le cianobair maidir leis an mbealach ina ngníomhaíonn an Oifig go himmheánach agus go seachtrach chun a seirbhísí a chur ar fáil. Gnéithe ar leith maidir le cianobair a bhfuil dúshlán ar leith ag baint leo don Oifig is iad baill foirne nua a imeascadh agus oiliúint a chur orthu, mar aon le comhaid a choinneáil.

An Breatimeacht

Cé go bhfuil obair mhór déanta ar fud an Rialtais chun ullmhú d'éifeachtaí láithreacha aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón AE, níltear cinnte faoi na héifeachtaí ar fad a bhainfidh leis an mBreatimeacht go fóill agus is dócha go mbeidh siad ann go ceann roinnt mhaith blianta eile. I measc na ndúshlán féideartha a thiofadh chun cinn san Oifig, beidh éileamh níos mó ar chomhairle dlí agus reachtaíocht nua i dtaca leis an gcomhlimistéar taistil agus ár gcaidreamh nua leis an Ríocht Aontaithe.

An tAontas Eorpach

Tá an méid reachtaíochta atá ag teacht as an AE ina dúshlán leanúnach don Rialtas agus don Oifig seo araon. Is dócha go mbeidh gá le tuilleadh acmhainní a chur le rannpháirtíocht an Stáit ag leibhéal an AE ag féachaint go háirithe d'aistarraingt na Ríochta Aontaithe as an AE. Beidh sé ina dhúshlán ag an Oifig leanúint de thacaíocht éifeachtach a thabhairt don Rialtas agus do Ranna cliaint i dtaca le reachtaíocht a fhorbairt ag leibhéal na

* De réir mar atá leagtha amach sa [Ráiteas Straitéise 2020-2023](#)

hEorpa agus idirghabháil a dhéanamh i gceisteanna atá os comhair na gCúirteanna Eorpacha.

Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliain

Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliain

Tuairisciú ar Sprioc Straitéiseach 1 de chuid an Ráitis Straitéise

Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar ina mbaintear amach riachtanais ár gcliain

Mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19, cuireadh seirbhísí comhairleacha dlí ar fáil i gcónaí trí aistriú mear na nAbhcóidí Comhairleacha chuig cianobair agus trínár gcórais agus próisis a chur in oiriúint don timpeallacht sin. Trí sin, bhíodhas in ann comhairle maidir leis an bhfreagra reachtaíochta ar Covid a chur ar fáil go práinneach do chliain i ndáil le ceisteanna chomh héagsúil leis na srianta riachtanacha ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí, na bearta tacaíochta airgid agus na forálacha reachtacha nua le haghaidh cianéisteachtaí do chúirteanna agus do chuideachtaí cinnteoireachta eile san Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020. Cuireadh comhairle ar fáil do na Ranna Rialtais ar fad maidir le saincheisteanna dlí éagsúla agus casta a tháinig chun cinn de bharr Covid agus an Bhreathimeachta agus tá samplaí áirithe ar leith leagtha amach thíos.

In 2020 lean an Rannán Comhairleach laistigh de OPAS de sheirbhís dlí a chur ar fáil do chliain roimh an mBinse Fiosrúcháin um Nochtadh, an Coimisiún Imscrúdúcháin (Ábhair áirithe a bhaineann le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe eile atá gaolmhar leis sin), an Coimisiún Imscrúdúcháin (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní), fiosrúcháin reachtúla líonmhara faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005, agus an Coimisiún Imscrúdúcháin (Freagairt ar ghearáin nó líomhaintí i ndáil le drochúsáid ghnéasach leaná a rinneadh in aghaidh Bill Kenneally agus ábhair ghaolmhara).

Samplaí de sheirbhísí dlí a chuir an Oifig ar fáil in 2020:

An phaindéim Covid-19

Bhí dúshlán mhóra roimh an Stát mar thoradh ar an bpaindéim dhomhanda. Cuireadh críoch le gníomhaíochtaí sochaíocha agus cuireadh go leor codanna den gheilleagar as feidhm. Mar gheall air sin, cruthaíodh dúshlán shuntasacha don Rialtas agus b'éigean anailís a dhéanamh, ar bhonn práinneach go minic, ar shaincheisteanna dlí agus go leor bearta reachtaíochta a bhí ag athrú go mear, d'fhonn an bunús dlí do na srianta a cuireadh i bhfeidhm ar an tsochaí a chur ar

fáil agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na mbeart seo don gheilleagar a cruthaíodh mar thoradh ar thionchar na paindéime ar fud gach earnáil den tsochaí agus de ghníomhaíocht thráchtála. Cuireadh comhairle dlí fhairsing ar fáil do go leor Ranna Rialtais – an Roinn Sláinte go háirithe – i dtaca le sraith beart dlí, a chuimsigh reachtaíocht phríomha agus thánaisteach araon, a bhí ag teastáil chun buntacú le freagairt an Rialtais i leith na paindéime Covid-19 inar áiríodh bearta a tugadh isteach chun tionóntachtaí cónaithe a chosaint mar chuid den fhreagairt leanúnach i leith na paindéime. Chomh maith leis sin, tháinig saincheisteanna maidir le cosaint sonraí chun cinn a raibh comhairle phráinneach ag teastáil ina leith go minic i gcomhthéacs gnéithe líonmhara na paindéime Covid, inar áiríodh comhairle maidir le seirbhísí poiblí a chur ar fáil ó chian, rianú teagmhálaithe, foirmeacha aimsithe paisinéirí agus coraintín éigeantach in óstán.

Chomh maith leis sin, cuireadh comhairle ar fáil i dtaca le cosaint an Stáit ar dhlíthíocht ar cuireadh tús léi de bhun fhreagairt an Stáit i leith na paindéime Covid-19.

An Breatimeacht

Comhairle dlí i ndáil le réimse leathan saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha i ndáil leis an Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2020. Toisc gur tugadh idirbheartaíocht an Chomhaontuithe Trádála agus Comhoibrithe AE-RA a chun críche go déanach, bhí comhairle phráinneach ag teastáil maidir le téarmaí an CTC agus leasuithe a bhí ag teastáil i leith reachtaíocht intíre a chur i bhfeidhm. Go háirithe, cuireadh comhairle phráinneach ar fáil i réimse an nós imeachta um thabhairt suas agus an phróisis um chúnamh frithpháirteach coiriúil sna laethanta díreach roimh an 1 Eanáir 2021.

Samplaí d'ábhair chomhairleacha eile

- Seirbhísí dlíthíochta agus comhairleacha i ndáil le ceisteanna casta maidir le tearmann agus inimirce, ceisteanna cánach, fónais agus soláthar poiblí
- Tugadh comhairle don Roinn Airgeadais maidir le saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn Bhuiséad 2020 a ullmhú agus an Bille Airgeadais 2020 a dhréachtú
- Tugadh comhairle don Rialtas faoi cheisteanna éagsúla maidir leis an gclár CervicalCheck, lena n-áiríodh comhairle faoi cheisteanna dlí maidir leis an mBinse um CervicalCheck a chur ar bun
- Comhairle a thabhairt don Roinn Sláinte maidir leis an Scéim um Chothromú Fiontar agus saincheisteanna i ndáil leis sin, lena n-áirítear saincheisteanna i ndáil le fógra a thabhairt i leith stáitchabhrach

- Comhairle i leith tithíocht (lena n-áirítear dlíthíocht a bhaineann le forálacha reachtacha maidir le tithíocht shóisialta) agus i leith ceisteanna, lena n-áirítear saincheisteanna maidir le soláthar poiblí agus Státchabhair, mar thoradh ar reachtaíocht ina bhforáiltear do bhunú na Gníomhaireachta Forbartha Talún
- Saincheisteanna rúndachta agus cosanta sonraí mar thoradh ar thaifid an Choimisiúin Imscrúdúcháin i dtaobh Árais Mháithreacha agus Naíonán
- Ceisteanna póilíneachta lena n-áirítear comhairle a thabhairt do An Garda Síochána maidir le ceisteanna dlí ar nós cumhachtaí Garda, grinnfhiosrúchán Garda agus an scéim athstiúrtha ógánach agus don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le saincheisteanna lena n-áirítear léirmhíniú ar Acht an Gharda Síochána 2005 agus Bille um Póilíneacht agus Shábháilteacht Pobail a ullmhú
- Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Athbhreithnithe um Cheartas Sibhialta, a ndéanann Uachtarán na hArd-Chúirte cathaoirleacht air, agus a chuir deireadh lena chuid oibre sa bhliain 2020. Chothaigh an Oifig cur chuige comhaontaithe in oifigí dlí an Stáit agus rinneadh iarracht dul i ngleic le difríochtaí idir dearcthaí ionadaithe na ngairmeacha agus ionadaithe an Stáit sa tsaincheist chonspóideach maidir le costais dlíthíochta

Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a chur ar fáil ina dtugtar éifeacht do bheartas an Rialtais

Dhréachtaigh ODP reachtaíocht phríomha agus thánaisteach d'fhonn éifeacht a thabhairt don bheartas reachtaíochta a leag an Rialtas amach, i gcomhréir leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí an Stáit don AE. Áiríodh leis sin méid mór de reachtaíocht chasta ina ndeachthas i ngleic le raon leathan saincheisteanna mar thoradh ar Covid-19 agus an Breatimeacht.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach de Bhillí Rialtais le linn 2020. Foilsíodh cúig Bhille Rialtais is tríocha (a dtugtar liosta díobh in Iarscríbhinn A), agus achtaíodh aon Bhille Rialtais is tríocha (a dtugtar liosta díobh in Iarscríbhinn B). Chomh maith leis sin, dhréachtaigh ODP leasuithe ar Bhillí Rialtais ag Céim an Choiste agus Céim na Tuarascála. Dhréachtaigh ODP leasuithe ag Céim an Choiste agus Céim na Tuarascála ar Bhille Comhaltaí Príobháideacha amháin a achtaíodh in 2020 (atá liostaithe in Iarscríbhinn C).

Dhréachtaigh ODP 366 cinn de na hionstraimí reachtúla a rinneadh in 2020, lena n-áirítear 54 cinn chun críocha bearta AE a thrasú i ndlí na hÉireann.

Caidreamh le Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Meabhraíodh do ranna faoin ról lárnach atá ag Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais a leagan síos agus maoirseacht a dhéanamh orthu, agus faoina ról a chinntiú go mbaineann an Rialtas an tairbhe is mó as na seirbhísí a chuireann ODP ar fáil d'fhonn Clár Reachtaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm go rathúil.

Le linn na bliana 2020, lean ODP de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais trí thuarascálacha rialta a chur ar fáil chun eolas a thabhairt faoi dhul chun cinn maidir le Billí ar an Liosta Tosaíochta a dhréachtú. Tríd an tuarascáil seo, bhí an Coiste in ann monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais. Trí rannpháirtíocht leanúnach ODP in obair an Choiste, cuireadh córas ríthábhachtach ar fáil chun idirghabháil a dhéanamh i dtosaíochtaí reachtaíochta iomaíocha idir Ranna. Thug na Dréachtóirí Parlaiminte faisnéis don Ard-Aighne (atá ina chomhalta de Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe den Choiste) ar bhonn rialta maidir le dul chun cinn i ndáil le dréacht-reachtaíocht agus saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn an phróisis dréachtaithe.

Caidreamh le Ranna Rialtais

In 2020, lean ODP de dhul i dteagmháil le Ranna ag gach céim den phróiseas dréachtaithe d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach ina n-idirghníomhaíochtaí. Spreagadh Ranna dul i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht ag céim luath maidir le tograí reachtacha a fhorbairt agus le Ranna ar bith eile a bhféadfadh na tograí dul i bhfeidhm ar a sainchúram. Lean ODP i mbun dul i dteagmháil le Ranna chun tacú lena dtionscnaimh oiliúna a bhain leis an bpróiseas reachtach. Chuaigh ODP i ndlúth-theagmháil le Ranna i ndáil leis an reachtaíocht a bhí ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Béim a leagan ar an tábhacht a ghabhann le cloí le nósanna imeachta agus le tograí beartais atá forbartha go hiomlán

I rith na bliana 2020, lean ODP de Ranna a éascú trí reachtaíocht a raibh géarghá léi a dhréachtú agus, ag an am céanna, leanadh de bheith ag cur i gcuimhne do Ranna go raibh sé tábhachtach cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-Aireachta chun a chumasú don ODP reachtaíocht a chur ar fáil laistigh den amscála riachtanach. Ina theannta sin, lean an ODP de bheith ag cur ina luí ar Ranna cé chomh tábhachtach atá sé tograí beartais a cheapadh agus a fhorbairt go hiomlán sula lorgáitear seirbhísí ODP.

Caidreamh le hAbhcóidí Comhairleacha

Lean ODP de bheith ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha trí bhithin plé neamhfhoirmiúil agus iarrataí i scríbhinn ar chomhairle maidir le saincheistanna dlí a tháinig chun cinn le linn reachtaíocht a dhréachtú.

Nósanna imeachta maidir le Deimhniú Cáilíochta ODP

Lean Abhcóidí Comhairleacha de nósanna imeachta Deimhnithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2020 agus é mar aidhm acu cáilíocht agus éifeachtacht dhlíthiúil dréachtreachtaíochta a choimirciú agus, ag an am céanna, comhroinnt saineolais agus léargas a éascú.

Lean ODP de chóras an Bhinse Oibre Reachtaíochta a úsáid chun téacs Billí agus leasuithe ar Bhillí a ullmhú i gcomhar le hOifig na mBillí i dTithe an Oireachtais. I rith na bliana 2020, eagraíodh roinnt seisiún oiliúna maidir le córas an Bhinse Oibre Reachtaíochta.

Samplaí de Reachtaíocht a dhréachtaigh ODP sa bhliain 2020:

Reachtaíocht a dréachtaíodh i ndáil le Covid-19

- An tAcht Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail), 2020

Rinneadh foráil eisceachtúil, ar mhaithe le leas a phobail, chun éifeacht Covid-19 a mhaolú tríd an Acht Sláinte 1947 agus an tAcht Chomhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 a leasú.

- An tAcht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020

San Acht omnibus seo, rinneadh foráil eisceachtúil, ar mhaithe le leas a phobail, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar Covid-19 ar fud líon earnálacha éagsúla lena n-áirítear tithíocht, pleanáil agus forbairt, gairmeacha sláinte rialaithe, meabhairshláinte, cosaint, íocaíochtaí iomarcaíochta, agus clárú sibhialta.

- An tAcht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19), 2020

Rinneadh an fhoráil riachtanach chun cur ar chumas an Stáit tacaíocht shealadach a chur ar fáil chun baoil dífhostaíochta a laghdú le linn éigeandála (ráthaíocht SURE) agus an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach, agus déantar leasú ar an Acht um Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 maidir le ráthaíochtaí bheith á dtabhairt ag CBSÉ.

- An tAcht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020

Tugadh éifeacht do Phacáiste Spreagtha Mhí Iúil an Rialtais atá dírithe ar dhlús a chur le téarnamh geilleagrach i ndiaidh thionchar Covid-19, lena n-áirítear roinnt bearta cánachais agus airgeadais agus tacaíochtaí d'fhostóirí, fostaithe agus tomhaltóirí, agus déantar leasú leis ar Cuid 7 den Acht um Bearta Éigeandála ar

Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19) 2020 maidir leis an Scéim Fóirdheontais Pá Sealadach.

- **Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020**

Rinneadh foráil eisceachtúil maidir le hoibriú forálacha áirithe d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus den Acht um Chumainn Tionscail agus Coigiltis 1893, lena n-airítear foráil i dtaca le cruinnithe ginearálta atá le tionóil go leictreonach agus méadú sa tairseach airgeadais agus achar na scrúdaitheoireachta.

- **An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020**

Déantar athchóiriú ar líon próiseas dlí d'fhonn solúbthacht a chur ar fáil, mar thoradh ar Covid-19 san áireamh, lena n-áirítear acmhainn chróinéara a mhéadú i gcúinsí eisceachtúla, agus úsáid a bhaint as cianéisteachtaí le haghaidh imeachtaí cúirte áirithe agus cruinnithe agus éisteachtaí de chuid an Stáit agus comhlachtaí eile, inghlacthacht taifead gnó agus úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha in imeachtaí sibhialta agus doiciméid áirithe a chríochnú trí chontrapháirt.

- **An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin) (Covid-19), 2020**

Rinneadh foráil eisceachtúil ar mhaithe le leas a phobail do bhearta breise forfheidhmiúcháin maidir le háitribh áirithe ina ndíoltar nó ina soláthraítear deochanna meisciúla lena n-ól san áitreabh chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais áirithe, arna bhforchur leis an Acht Sláinte, 1947, nó faoi, chun scaipeadh Covid-19 a mhaolú.

- **An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020**

Leasaítear an tAcht um Chomhar Creidmheasa 1997 chun foráil a dhéanamh maidir le cruinnithe áirithe, ar nós Cruinnithe Cinn Bliana, de chuid comhar creidmheasa a thionól trí chianchruinnithe agus maidir le freastal agus vótáil trí sheachvótaí ag cruinnithe áirithe de chuid comhar creidmheasa.

- **An tAcht um Pleanáil agus Forbairt agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2020**

Rinneadh foráil maidir le fad a chur le tréimhsí fógra i ndáil le foirceannadh tionóntachtaí cónaithe mar gheall ar mhainneachtain cíos a íoc agus maidir le toirmeasc a chur ar mhéaduithe cíosa i ndáil leis na tionóntachtaí sin le linn tréimhse éigeandála sonraithe mar gheall ar Covid-19. Déantar foráil maidir le neamhaird a thabhairt ar thréimhsí fógra áirithe ina achtacháin phleanála áirithe agus achtacháin eile agus leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i ndáil le toiliú ionaid a thabhairt.

Reachtaíocht shuntasach eile:

- **An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2020**

Déantar foráil maidir le nithe áirithe de dhroim tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as comhaltas den Aontas Eorpach agus déantar foráil maidir leis an

gComhlímistéar Taistil idir an Stát agus an Ríocht Aontaithe agus na cearta agus na pribhléidí a bhaineann leis a chosaint agus a chothabháil.

- An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin, 2020

Bunaítear an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar bhonn reachtúil agus déantar foráil maidir leis an tobhach ón nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (GCON) a bhailiú chun críocha eile, lena n-áirítear chun críche rannchuidiú leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de bhun ordaithe ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

- An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta (Leasú), 2020

Leasaítear agus leathnaítear an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994 agus an Achta fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015 agus an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005 chun reachtaíocht cistí AE, forbairtí i ndáil le frithsciúradh airgid agus athruithe sa réimse seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a chur san áireamh.

- An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020

Déantar foráil maidir le cionta a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta a thaifeadh, a dháileadh nó a fhoilsiú agus anaithnideacht íospartaigh na gcionta sin agus maidir le cion lena ngabhann cumarsáid bhagrach nó róghráiniúil a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh.

- An Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2020

Leasaítear an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 i ndáil le Fógraí Faoisimh Fiachais, Socruithe Socraíochta Fiachais agus Socruithe Dócmhainneachta Pearsanta, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí praiticiúla mar thoradh ar Covid-19 agus déantar foráil maidir le cruinnithe áirithe a thionól trí mheán cianda. Cruthaítear rogha don fhéichiúnaí "Daingniúchán Fírinne" a dhéanamh mar mhalairt ar dhearbhu reachtúil.

Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith chuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár gcliant a chur i bhfeidhm i réimsí maidir le tíolacadh, réadmhaoin, soláthar poiblí agus dlí conarthaí tráchtála

Trí sheirbhís idirbheartaíochta réiteach-bhunaithe a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí cliant, cuireann an Rannán Maoine Stáit agus an Rannóg Conarthaí Tráchtála réitigh phraiticiúla ar fáil dá gcliant chun tabhairt faoina ndúshláin ghnó. Oibríonn an Rannán Maoine Stáit agus an Rannóg Conarthaí Tráchtála araon le

cliaint chun comhsheasmhacht agus cuíchóiriú a chur chun cinn i ngach idirbheart d'fhonn éifeachtúlacht a bhrú chun cinn maidir le seirbhísí a sholáthar agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartas poiblí a fhorbairt. Chomh maith leis sin, comhoibríonn siad ar bhonn gníomhach le comhghleacaithe i rannóga dlíthíochta OPAS, Abhcóidí Comhairleacha agus abhcóidí seachtracha maidir le ceisteanna dlíthíochta.

Saincheisteanna maidir le Covid-19

Vacsáiní Covid-19 – Comhréitigh Réamhcheannaigh don Aire Sláinte

- Chuir OPAS comhairle ar fáil ar bhonn práinneach ag tús na paidéime maidir leis na saincheisteanna dlí barrthábhachtacha i leith sé Chomhréiteach Réamhcheannaigh idir an Coimisiún Eorpach agus líon cuideachtaí cógaisíochta chun na céadta milliún dáileog de vacsaíní Covid-19 a chur ar fáil do Bhallstáit rannpháirteacha an Chomhaontaithe.

Conarthaí do sheirbhísí farantóireachta PSO mar gheall ar Covid-19

- Thug OPAS comhairle don Aire Iompair, Turasóireacht agus Spóirt maidir le hainmniú, ar bhonn sealadach amháin, cúig bhealach muirí straitéiseacha idir an Stát agus an RA agus Mór-roinn na hEorpa (arna bhfreastal ag 3 chuideachta loingis) d'fhonn línte soláthair leanúnacha a chinntiú mar thoradh ar laghdú ar an líon paisinéirí mar gheall ar Covid-19.

Comhairle maidir le conarthaí do chairteiltí aisdúichithe

- Thug OPAS comhairle don Roinn Gnóthaí Eachtracha ar bhonn práinneach maidir le conarthaí do chairteiltí chun saoránaigh de chuid na hÉireann a bhí sáinnithe in áiteanna éagsúla thar lear mar thoradh ar thréimhsí dianghlasála de bharr Covid-19 a chur ar ais chun na tíre.

An Breatimeacht

- Thug OPAS comhairle d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) maidir le comhaontuithe léasa agus ceadúnais a chur i gcrích le Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath agus Eoraphort Ros Láir chun bonneagar bunriachtanach i ndáil leis an mBreatimeacht a chur ar fáil, ar nós bána cigireachta HGV agus oifigí allmhairithe agus onnmhairithe.

Ceisteanna réadmhaoine suntasacha eile

- Thug OPAS comhairle don Aire Oideachais maidir le láithreáin scoile a fháil ar fud an Stáit mar chuid de Chlár Tógála Scoileanna na Roinne sa bhliain

2020. I measc na láithreán a fuarthas le linn na bliana bhí láithreáin i gCoill na Silíní, Cionn Sáile agus An Ros, Contae Bhaile Átha Cliath.

- Thug OPAS comhairle do OOP maidir le bainistíocht leanúnach a dhéanamh ar a punann tithíochta i rith na bliana, chomh maith le comhairle a thabhairt i ndáil le séadchomharthaí náisiúnta a cheannach agus a thógáil faoina coimirce, ar nós Tuama Pasáiste Bhaile Anraí, i nDún Mór, Contae Phort Láirge.
- Thug OPAS comhairle do OOP agus don Roinn Cosanta maidir le réadmhaoine nach bhfuil ag teastáil uathu a dhiúscairt, lena n-áirítear láithreáin atá oiriúnach do thithíocht shóisialta a fhorbairt.
- In 2020, thug OPAS comhairle don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le doiciméadacht creata dlí a chruthú agus a dhréachtú chun éascaíocht a dhéanamh ar dheontais a thabhairt faoi Chiste d'Infreastruchtúr Spóirt ar Mhórscála na Roinne. Beidh na doiciméid chreata mar bhonn don doiciméadacht tionscadail do 32 tionscadal mór d'áiseanna spóirt le linn shaolré an Chiste. Chomh maith leis sin, thug OPAS comhairle maidir leis na comhaontuithe maoinithe atá beartaithe do na tionscadail seo i dteannta saincheisteanna maidir le Cúnamh Stáit a eascraíonn as Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta an AE.
- Thug OPAS comhairle don Aire Talmhaíochta agus Mara maidir le léas 20 bliana a dheonú do Chomhairle Contae Corcaí chun éascaíocht a dhéanamh ar Pháirc Chonláiste Inis Sionnach, Corcaigh a oscailt don phobal an 15 Eanáir 2021.
- Thug OPAS comhairle do OOP maidir le tionscadail cóiríochta oifige lena n-áirítear oifigí nua a fhorbairt i mBaile Átha Cliath do OOP agus tionscadal athlonnaithe chun éascaíocht a dhéanamh ar cheanncheathrú nua don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Ceisteanna dlí suntasacha eile maidir le soláthar poiblí agus conarthaí tráchtála

- Thug OPAS comhairle maidir le líonra náisiúnta raidió digiteach slán €300 milliún a sholáthar go rathúil do na seirbhísí éigeandála poiblí in Éirinn (lena n-áirítear An Garda Síochána, otharchairr, tarrtháil aeir agus mara, etc.), ar seirbhís ríthábhachtach í don Stát. Úsáideadh nós imeachta iomaíochta lena ngabhann idirbheartaíocht chun soláthraí seirbhíse nua a chur ar fáil. Rinneadh obair shuntasach maidir leis an doiciméadacht Tairisceana a ullmhú trí rannpháirtíocht rialta idir OPAS, an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) agus Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais maidir le gach gné den chomórtas.

- In 2020, thug OPAS comhairle do OSR maidir le creat a bhunú chun seirbhísí dlí a chur ar fáil do gach comhlacht den earnáil phoiblí, seachas an Rialtas Láir. Mar chuid den iomaíocht tairisceana seo, bhí roinnt earnálacha in ann leas a bhaint as seirbhísí dlí faoin gcreat céanna lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údaráis Áitiúla, Boird Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí earnála poiblí eile. Cuireadh tús leis an iomaíocht tairisceana i mí an Mhárta 2020 agus fuarthas níos mó ná 1150 tairiscint lena meas.

Thug OPAS comhairle do OSR maidir le creat a bhunú do Sheirbhísí Dearaidh faoi stiúir Ailtireachta, d'fhonn forbairtí cónaithe sóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil. Is é an sprioc atá leis an gcreat tacú le cuspóirí uileghabhálacha an tionscadail Atógáil Éireann agus an Roinn Tithíochta, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a chumasú chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a dhearadh. I ndiaidh na doiciméid soláthair a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2020 fuarthas líon mór aighneachtaí tairisceana, agus lean OPAS de chúnamh agus comhairle a chur ar fáil do OSR maidir leis an bpróiseas meastóireachta.

Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha

Le linn 2020, lean an Oifig de chinntiú gur baineadh leas as an eolas agus tairiscint a gnothaíodh le linn cásanna a réachtáil chun eolas a dhéanamh do straitéis le haghaidh cásanna den chineál céanna agus trí sin, torthaí optamacha a bhaint amach. Trí úsáid a bhaint as a córais bainistíochta eolais, gabhadh comhairle thábhachtach lena húsáid sa todhchaí. Rinneadh an toradh a bhí ar chásanna suntasacha agus cásanna leasa trasearnála a chur in iúl do bhaill foirne lena chinntiú go mbainfí feidhm as an eolas seo ar mhaithe le cliant le linn dlíthíochta a dhéanamh.

D'aithin OPAS agóidí dlí athfhillteacha maidir le reachtaíocht le Ranna agus spreagadh Ranna cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith leasú reachtaíochta a chur chun cinn chun deireadh a chur leis an riosca maidir le hagóid dhlíthiúil bhreise i gcás inar iomchuí.

Dlíthíocht Ardteistiméireachta

B'éigean an Ardteistiméireacht scríofa a chur ar ceal/ar athlá i mí an Mheithimh 2020 mar gheall ar an ngéarchéim Covid-19. Úsáideadh samhail chaighdeánaithe chun gráid a ghiniúint lena mbronnadh ar dhaltáí mar chuid de chóras grád ríofa.

Cuireadh tús le 65 cás d'athbhreithnithe breithiúnaigh leis an maíomh lárnach gur imríodh tionchar éagórach ar dhaltáí mar gheall ar chinneadh an Aire gan sonraí stairiúla scoile a chur san áireamh agus éifeachtaí na sonraí náisiúnta stairiúla sa tsamhail chaighdeánaithe a íoslaghdú, ar mar gheall air sin a íosghrádaíodh pointí go héagothrom.

D'éirigh leis an Stát an príomhchás maidir le Sherry v an tAire Oideachais a chosaint. Baineadh úsáid optamach as acmhainní agus baineadh úsáid fairsing as fianaise shaineolach, forbraíodh foireann dlí shaineolach agus chuathas i mbun oibre i gcomhar leis an Roinn cliaint agus leis na habhcóidí comhairleacha ar iasacht araon.

Ryanair DAC -v- An Taoiseach, Éire agus an tArd-Aighne (Freagróirí) agus Aer Lingus (Fógra-Pháirtí)

Rinne an tIarratasóir agóid in aghaidh chomhairle an Rialtais maidir le taisteal idirnáisiúnta a fógraíodh i mí Iúil 2020 mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19. Mhaígh an tIarratasóir, inter alia, gur chuir an Rialtas isteach go neamhdhleathach ar shainchearta reachtacha an Oireachtais agus gur sáraíodh Airteagal 6 agus 15.2 den Bhunreacht. Rialaigh an tArd-Chúirt nár sháraigh an Stát a chumhachtaí feidhmiúcháin agus nár sháraigh sé an cumhacht reachtach i ndáil le comhairle ón Rialtas maidir le taisteal idirnáisiúnta. Rialaigh an Chúirt freisin nach raibh sa chomhairle maidir le taisteal neamhriachtanach a sheachaint agus gluaiseachtaí a shrianadh ar theacht isteach sa Stát ach comhairle amháin.

Press Up Limited agus Eile -v- An tAire Sláinte agus Eile

Bhain na himeachtaí seo le hagóid bhunreachtúil a rinne cuideachta sealbhaíochta a bhfuil 56 gnó fáilteachais ina punann. Lorg siad dearbhuithe go bhfuil alt 31A den Acht Sláinte, 1947 agus rialacháin a rinneadh faoin Acht míbhunreachtúil toisc go bhfuil siad ag cur in aghaidh Airteagail 15.2.1, Airteagal 40.3, Airteagal 40.1 agus Airteagal 43 den Bhunreacht. Mhaigh siad gur chuir na rialacháin isteach go díreireach ar a gcearta réadmhaoine, agus lorg siad cúiteamh i leith caillteanas agus damáiste a bhain dóibh mar thoradh ar na srianta a cuireadh ar an bpobal a n-áitreabh a rochtain.

Tríd an gcás, ceistíodh straitéis an Rialtais maidir le sláinte phoiblí agus beatha a chosaint i gcomhthéacs na paindéime Covid-19 agus, dá mba rud é go leanfaí leis an gcás agus go n-éireodh leis na Gearánaithe, bheadh impleachtaí dlí agus

polaitíochta de chineál fíorthromchúiseach ag baint leis agus d'fhéadfadh go leor éilimh cosúla ina mbeadh éilimh shuntasacha ar dhamáistí a bheith i gceist chomh maith. Tugadh na himeachtaí os comhair na Cúirte Tráchtála ach réitíodh iad ina dhiaidh sin nuair a tarraingíodh siar éileamh na nGearánaithe agus gan ordú ar bith eile déanta.

Nisa Vaqar Un agus Muhammad Umer, Mah Noor Imran agus Muhammad Salar -v- An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Éire agus an tArd-Aighne

Bhain an cás seo le hAirteagal 17(1) de (Rialachán 604/2013/AE) Baile Átha Cliath III, ar chlásal lánroghnach é ina gceadaítear do Bhallstát cinneadh a dhéanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a iniúchadh fiú sa chás nach bhfuil an Ballstát freagrach as iniúchadh dá leithéid a dhéanamh faoin Rialachán. An tsaincheist roimh na cúirteanna ab ea cé aige a raibh an lánrogha, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, nó an Binse um Achomhairc Idirnáisiúnta.

Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas i mí Iúil 2020 inar éirigh leis na bhFreagróirí. Chuir an Stát an Ard-Chúirt ar an eolas an 27 Iúil 2020 gur chinn an tAire a lánrogha Airteagail 17 a fheidhmiú chun na hiarratasóirí ar fad a bhí ar Liosta Sealbhaíochta Airteagail 17 san am i láthair a ghlacadh isteach sa phróiseas cosanta sa dlínse seo mar gheall ar an achar ama a raibh go leor iarratasóirí ar an liosta sealbhaíochta Baile Átha Cliath III. Ag an am sin, bhí thart ar 270 cás sa Liosta Sealbhaíochta ag feitheamh ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí.

MK v an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ASA v an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Bhreithnigh an Ard-Chúirt, inter alia, cibé ar féidir le hOifigeach um Chosaint Idirnáisiúnta, a fheidhmíonn feidhmeanna neamhspleácha faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, gníomhú mar oifigeach de chuid an Aire Dlí agus Cirt freisin maidir lena dualgais a fheidhmiú i ndáil le hiarratais ar "cead chun fanacht". Thug an Ard-Chúirt breithiúnas i mí Aibreáin 2021 agus cinneadh go bhféadfadh Oifigeach um Chosaint Idirnáisiúnta, faoi Phrionsabal Carltona, gníomhú mar oifigeach de chuid an Aire, mar aon lena bhfeidhmeanna neamhspleácha a chur i gcrích.

Ivana Bacik & Eile v. An Taoiseach, Éire agus an tArd-Aighne

Tá na hiarratasóirí ina gcomhaltaí de Sheanad Éireann i ndiaidh dóibh bheith tofa i toghchán an tSeanaid in 2020. I gcúinsí nuair nach raibh Rialtas curtha ar bun go fóill, rinneadh seanadóirí imeachtaí a thionscnamh ina ndearnadh agóid faoi chinneadh an Taoisigh (leanúnaigh) gan comhairle a chur ar an Uachtarán dáta a shocrú don chéad suí den Seanad. Ba é tuairim an Taoisigh ná go dtí go mbeadh Rialtas nua curtha ar bun agus go mbeadh an Taoiseach nuathofa in ann 11

seanadóir eile a ainmniú don Seanad, ní raibh sé bunaithe go hiomlán ná cumhachtaithe chun reachtaíocht a rith.

D'áitigh na seanadóirí nár thug forálacha d'Airteagal 16.1 den Bhunreacht sainordú gurb éigean ainmnithe an Taoisigh bheith ceaptha ionas go mbeadh an Seanad bunaithe go dleathach agus ní mór an fhoráil Airteagal 16.1 a léirmhíniú i gcomhthéacs forálacha bunreachtúla eile, lena n-áirítear Airteagal 6 – ina ndearbhaítear cáilíocht dhaonlathach an Stáit.

In éisteacht na Cúirte Rannáin, caitheadh amach éileamh an ghearánaí. Bhí an Chúirt den tuairim go raibh an fhocláíocht in Airteagal 16.1 soiléir (i nGaeilge agus i mBéarla araon) go gcuimsíonn an Seanad 60 comhalta, a bhfuil 11 díobh ina n-ainmnithe de chuid an Taoisigh agus go dtí go gceaptar an togh-ghrúpa sin, níl an Seanad bunaithe mar is ceart. Agus é á admháil ag an gCúirt nach mór an Bunreacht a léirmhíniú ar bhealach ina gcumasaítear oibriú réidh agus comhchuí an Bhunreachta (féach cás *Curtain*) níor aontaigh an Chúirt nár baineadh oibriú comhchuí an Bhunreachta amach trí léirmhíniú litriúil a thabhairt ar Airteagal 16.1.

Emmett Corcoran Agus Oncor Ventures Limited ag trádáil mar The Democrat -v- Coimisinéir an Gharda Síochána Agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Lorgaíodh faoiseamh urghaire chun An Garda Síochána a shrianadh ar theacht a bheith acu ar ábhar fón an Iarratasóra a gabhadh le linn imscrúdú coiriúil a dhéanamh ar ionsaithe tromchúiseacha ina líomhnaítear gur ionsaigh líon mór daoine aonair lucht slándála. Bhí an cás ina chúis le saincheistanna tábhachtacha a bhaineann le pribhléid iriseoireachta i gcás ina maíonn an tIarratasóir, trí theacht a bheith ar ábhar a fhóin, go n-aithneofar agus go gcuirfear as dá fhoinsí mar iriseoir mar aon leis na paraiméadair maidir le teacht a bheith ag póilíní ar ghairis a ghabhtar faoi bharántas in imscrúduithe coiriúla a chur san áireamh.

Paul Doyle agus Gary Kelly v. An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, an tAire Dlí agus Cirt, Éire agus an tArd-Aighne

Bhain na príomhghearáin le cúiteamh i leith díobhálacha maidir le pian nó fulaingt gan bheith ar fáil faoin Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla agus costais dlí gan bheith á n-íoc. Sular thug an Chúirt Achomhairc breithiúnas, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas i dtagairt ón Iodáil (Cás C-129/19) ina soiléirítear go bhfuil ceart faoi dhlí an AE ag íospartach i gcion foréigineach d'aon ghnó ar chúiteamh cóir agus cuí ón Stát faoi Threoir 2004/80/CE. Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc, inter alia, nach bhfuil cúnamh dlí ina cheanglas d'fhonn cearta faoin Treoir a éileamh. Chomh maith leis sin, d'ordaigh an Chúirt don Bhinse sonraí maidir le cásanna (leasaithe mar is cuí) roimhe seo a chur ar fáil d'achomharcóirí chun éascaíocht a dhéanamh ar ábhar a bhaineann le hiompar, carachtar agus modh maireachtála a chur ar fáil.

I bhfianaise ár ról méadaithe i ndiaidh an Bhreiteimeachta, seirbhís dlí AE feabhsaithe a chur ar fáil dár gcliaint

Príomhghné de bhallaíocht san AE is ea gur ó dlíthe a rinne na hinstiúidí AE a thagann i ndáiríre sciar suntasach de dhlíthe an Stáit. Teastaíonn sciar mór den reachtaíocht sin a thrasú ina dhlí intíre agus is minic a bhíonn sé ina chúis le saincheisteanna dlí agus bunreachtúla le linn trasuíomh dá leithéid. Tá sé seo sa bhreis ar na saincheisteanna comhairleacha a thagann chun cinn le linn beart a shocrú sa Bhruiséil le linn ceisteanna a bhreithniú, lena n-áirítear cé acu a bhféadfadh nó nach bhféadfadh athruithe suntasacha a dhéanamh sa dlí intíre a bheith de dhíth, saincheisteanna maidir le tábhacht bhunreachtúil, éifeachtaí ar phróisis dlí intíre agus ceisteanna beartais agus dlí d'fhonn comhairle chúí a thabhairt maidir le cruth agus riocht deiridh an bhirt Aontais atá molta d'fhonn coimhlíntí le dlí náisiúnta a sheachaint.

Maidir le himeacht na RA as an Aontas Eorpach, tá stát ag imeacht a bhfuil an dearcadh céanna aige ó thaobh earnálacha de tríd is tríd ar minic a raibh leasanna na hÉireann báúil nó ailínithe leis fiú. Thar aon ní eile, baineann sé sin lenár stair chomhroinnte, ár n-oidhreacht dlí choiteann agus ár rannpháirtíocht chomhroinnte sa Chomhlímistéar Taistil. Tá an Oifig ar an eolas faoin riachtanas seirbhísí comhairleacha dlí a chur ar fáil go lárnach do Ranna cliant atá i mbun idirbheartaíocht a dhéanamh i ndáil le dlíthe an Aontais sa Chomhairle Eorpach.

Tá ról na hOifige maidir le reachtaíocht Eorpach agus intíre araon ina ghné ríthábhacht dá cuid oibre. Cé go bhfuil éifeacht dhíreach ag roinnt reachtaíochta AE agus dá bhrí sin, nach mbíonn sé riachtanach i gcónaí bearta AE a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann, ní mór treoracha, atá ina gcuid thábhachtach de reachtaíocht AE, a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann trí reachtaíocht intíre. Ar an mbonn sin, is gá a chinntiú go dtrasuitear treoracha ar bhealach ina gcloítear go hiomlán le riachtanais dlí AE agus cuireann ODP seirbhís dréachtaithe ar fáil do Ranna cliant i ndáil leis sin.

Iarmhairt eile a bhaineann le himeacht na RA as an AE is ea go bhfuil straitéis feabhsaithe ag teastáil maidir leis an uair ina n-idirghabhann an Stát in Airteagal 267 Réamhthagairtí CFAE (ceisteanna a tharchuireann cúirteanna náisiúnta chuig an gCúirt Bhreithiúnais (CBAE) maidir leis an mbealach chun brí a bhaint as dlíthe an Aontais a bhíonn míshoiléir go minic). Tugadh 735 cás os comhair CBAE lena n-áirítear Réamhthagairtí chuig an gCúirt anuraidh ó chúirteanna ar fud 28 mBallstát. I bhfianaise an chorpais dlí réadúil atá ag éabhlóidiú agus ag fás a fhorbraíonn agus a dhéanann an Chúirt i Lucsamburg, chuir an Oifig modhanna san áireamh chun bheith níos réamhghníomhaí maidir le hidirghabháil a dhéanamh i dtagairtí dá leithéid d'fhonn cúnamh a thabhairt do CBAE léirmhíniú dlí an Aontais a threorú agus tionchar a imirt air. Mar a luadh thuas, d'fhéadfadh sé seo bheith ag déanamh talamh slán de thábhacht níos mó i bhfianaise ár n-

oidhreacht i ndlí choiteann agus feidhmiú Prótacail CFAE a bhaineann le hÉirinn (19-21) maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i ndlíthe an Aontais i dtaobh Schengen, an Comhlimistéar Taistil agus an réimse maidir le Saoirse, Slándáil agus Ceart.

Rinne Coiste Stiúrtha maidir le dlí AE maoirseacht ar líon suntasach tionscadal ar nós athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht OAA maidir le reachtaíocht AE a fhorbairt agus í a thrasuí; athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hOifige i ndlíthíocht atá os comhair CBAE; rannpháirtíocht mhéadaithe Ranna i gceisteanna dlí AE; oideachas dlí saineúil, oiliúint agus comhroinnt eolais a chur ar fáil san Oifig maidir le ceisteanna dlí AE; agus saincheisteanna tábhachtacha dlí AE a rianú ar bhealach soláimhsithe, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na nAbhcóidí Comhairleacha iasachta i ndáil leis sin.

Samplaí d'imeachtaí a bhí os comhair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2020

Eiseachadadh agus an Barántas Gabhála Eorpach (BGE)

In 2020, rinne Éire idirghabháil roimh an gCúirt Bhreithiúnais i líon réamhthagairtí ó Bhallstáit AE eile maidir le léirmhíniú agus infheidhmeacht dlí AE sa réimse maidir le saoránaigh an Aontais a eiseachadadh chuig tríú stát; an Barántas Gabhála Eorpach agus nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit.

Rinne Éire idirghabháil i gCás **C-398/19 BY**, ar réamhthagairt ón nGearmáin a bhí ann a bhain le hiarratas ar eiseachadadh a sheol údaráis de chuid na hÚcráine chuig údaráis Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, maidir le BY, atá ina náisiúnach de chuid na hÚcráine agus na Rómáine araon.

Ghlac Éire páirt ghníomhach i gCásanna **C-354/20 PPU L** agus **C-412/20 PPU P**. D'éascair na cásanna as dhá iarraidh ón bPolainn ar BGEanna a chur i bhfeidhm i leith beirt san Ísiltír. Dhearbhaigh CBAE a sheasamh, maidir leis an bhféidearthacht BGE a chur i bhfeidhm, go dteastaíonn an t-íniúchadh dhá chéim atá leagtha amach in **C-216/18 LM**. Dúirt CBAE nach mbeadh údarás breithiúnach forghníomhaitheach i dteideal diúltú go huathoibríoch do BGE a chur i bhfeidhm ach amháin dá gcuirfeadh an Chomhairle Eorpach an Cinneadh Réime ar fionraí, de réir mar a shamhlaítear sa téacs céanna sin.

Rinne Éire idirghabháil i gCás **C-195/20 PPU XC**, ar tagairt ón nGearmáin a bhí ann a bhain le hionchúisimh fhéideartha i leith cionta eile i ndiaidh an géillte agus riail na speisialtachta. Reáchtáladh an éisteach an 16 Iúil 2020 agus tugadh breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2020.

De bhun tagartha (**C-509/18**) ó Chúirt Uachtarach na hÉireann chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cé acu an bhféadadh nó nach bhféadfadh ionchúisitheoir poiblí bheith ina údarás breithiúnach eisitheach (“ÚBE”) faoi Chinneadh Réime an Bharántais Ghabhála Eorpaigh, tarchuireadh sraith cásanna ina dhiaidh sin chuig an gCúirt Bhreithiúnais le linn 2019 agus 2020 maidir le stádas na n-ionchúisitheoirí poiblí náisiúnta a bhí ag gníomhú mar ÚBEnna. Rinne Éire idirghabháil sna cásanna seo ina ndearnadh iniúchadh ar an leibhéal neamhspleáchais atá riachtanach d’ionchúisitheoirí poiblí chun teacht faoi réim an choincheaptha mar ÚBE. Bhí an sruth dlíthíochta seo agus cinneadh na saincheiste seo idir 2019 agus 2020 bunriachtanach i ndáil le feidhmiú agus éifeachtacht an BGE ar fud an AE i gcúinsí ina mbraitheann go leor Ballstáit ar ionchúisitheoirí poiblí chun ról an ÚBE a chur i gcrích.

Cosaint agus Coinneáil Sonraí

Rinne Éire idirghabháil i líon réamhthagairtí chuig CBAE a bhain le sonraí in 2020. Thug Mór-Dhlísheomra an CBAE a bhreithiúnas i gCás **C-311/18 An Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland Limited agus Maximillian Schrems** an 16 Iúil 2020 inar tharchuir Ard-Chúirt na hÉireann ceisteanna chuig CBAE maidir le Facebook ag aistriú sonraí idir an AE agus SAM.

Thug Mór-Dhlísheomra an CBAE a bhreithiúnas i gCásanna Uamtha **C-511/18, C-512/18 and C-520/18** an 6 Deireadh Fómhair 2020 – tagairtí ó Chúirteanna sa Fhrainc agus sa Bheilg maidir le reachtaíocht náisiúnta ina bhforáiltear do choinneáil sonraí i gcoitinne chun críocha forfheidhmiú an dlí agus slándáil náisiúnta mar aon le bailiú fíor-ama sonraí teileachumarsáide.

Ar an lá céanna, thug Mór-Dhlísheomra an CBAE a bhreithiúnas i gCás **C-623/17 Privacy International**. Bhain an réamhthagairt seo ón RA le reachtaíocht ina ceadaíodh don Rúnaí Stáit ordacháin a eisiúint ina bhforáiltear do ghníomhaireachtaí slándála agus faisnéise ollsonraí cumarsáide a fháil ó soláthraithe seirbhíse cumarsáide leictreonaí.

Cásanna eile

T-778/16 Éire v Coimisiún, T-892/16 Apple v Coimisiún, C-465/20 P

Coimisiún v Éire agus eile: le linn 2020 chuir OAA agus OPAS tacaíocht dlíthíochta ar fáil don Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le hanailís a dhéanamh ar bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta ina bhfuarthas nár chuir Éire stáitchabhair ar fáil do Apple; agus freagra á thabhairt chuig an gCoimisiún an breithiúnas sin a achomharc chuig CBE.

C-550/18 Coimisiún v Éire: de bhun Airteagal 260(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, d’éirigh leis an gCoimisiún Eorpach breithiúnas a fháil ón gCúirt Bhreithiúnais i Lucsamburg i mí Iúil 2020 in aghaidh an Stáit chun pionós cnapshuime €2milliún a íoc mar gheall ar mhainneachtain trasuí an Ceathrú Treoir

maidir le Frithsciúradh Airgid a chur in iúl. Bhí comhairle casta a bhí ábhartha ar fud bheartais leathana na Ranna Dlí agus Cirt agus Airgeadais ag teastáil chun reachtaíocht a ullmhú chun an Cúigiú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid a thrasú agus imeachtaí mar gheall ar shárú a sheachaint mar thoradh ar mhainneachtain é sin a dhéanamh.

Cuireadh tús leis an gcéad chás i nGaeilge a chuaigh chun dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais (CBAE) in 2020 in **C-64/20 UH**.

Eolas cliant ar sheirbhísí na hOifige, agus teacht a bheith acu orthu, a fheabhsú

In ainneoin na paindéime Covid-19, lean an Oifig de dhul i dteagmháil ar bhonn réamhghníomhach le cliant ar fud réimse reachtaíochta – a raibh práinn ag baint leis go minic nuair a bhain sé le freagra an Stáit i leith na paindéime agus i leith ceisteanna comhairleacha agus dlíthíochta freisin. Ghníomhaigh an Oifig go mear chun freastal ar na cruinnithe seo le Ranna agus Oifigí cliant ar bhonn fíorúil.

Ghlac an Oifig páirt i líon grúpaí agus fóraim Idir-Rannacha go rialta agus go gníomhach ar nós an Grúpa Athbhreithnithe um Cheartas Sibhialta agus ar fud saincheisteanna maidir leis an mBreaitimeacht. Tríd an rannpháirtíocht ghníomhach seo, cuireadh an deis ar fáil comhairle mear a chur ar fáil mar aon le hinfheictheacht agus próifíl na hOifige a ardú agus trí sin, buntacú leis an ról bunreachtúil a chuireann an tArd-Aighne i gcrích agus a bhaill foirne ar fud trí Oifig ina ndéantar éascaíocht ar an bhfeidhm sin.

Chuir Rannán Maoine Stáit OPAS oiliúint shaincheaptha ar fáil do Ranna cliant d'fhonn an t-ardán eolais a ardú agus tuiscint agus comhoibriú a mhéadú idir ár n-aturnaetha agus ár gcliant. Chomh maith leis reáchtáil rannán Conarthaí Tráchtála OPAS cruinnithe bainistíochta uair sa choicís lena chliant, an Oifig um Sholáthar Rialtais. Chomh maith leis sin, chuir an rannán oiliúint shaincheaptha ar fáil don Oifig um Sholáthar Rialtais agus Ranna cliant maidir le soláthar poiblí, conarthaí agus an dlí maidir le cosaint sonraí.

Coincheap maidir leis an Stát bheith ina “Dlíthí Eiseamláireach” a chur chun cinn

Gné ríthábhachtach d'obair na hOifige is ea gníomhú thar ceann an Stáit i gcúrsaí dlíthíochta (is é an Stát an t-úsáideoir is mó seirbhísí cúirte). Is léiriú é go gcloíonn ár gcóras dlí le Riail an Dlí go bhfuil teacht go héasca ag daoine ar na cúirteanna

chun leigheasanna éifeachtacha a fháil. Féadann sé seo ualach a chur ní hamháin ar an Oifig, ach ar an Rialtas agus comhlachtaí Rialtais freisin, lena chinntiú go ndéileáiltear le dlíthíocht mar is cuí agus chun leasa an Stáit agus an cáinócóra. Ar an mbonn sin, is cuid an-tábhachtach de ról an Ard-Aighne dlíthíocht a chosaint agus, uaireanta, tús a chur léi, agus bíonn dúthracht agus ionchur mór ag teastáil ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus ó Abhcóidí Comhairleacha in Oifig an Ard-Aighne.

In 2020, chuir OPAS feabhas ar bhainistiú cáis réamhghníomhach trí dhíospóid a réiteach go luath i ndlíthíocht agus bunaíodh nósanna imeachta chun déileáil le dlíthíocht il-chliant d'fhonn treoracha tráthúla a chinntiú. Tá misean ag OPAS an caighdeán is airde seirbhísí dlí gairmiúla a chur ar fáil don Rialtas, a Ranna agus Oifigí, ar bhealach chomh tíosach agus chomh héifeachtúil agus is féidir agus tacú le riail an dlí a chomhlíonadh. I gcreat Rialachais OPAS, díritear ar oibleagáidí dlí, rialála, beartais agus seirbhíse agus ar an gcaidreamh idir bainistíocht, baill foirne agus páirtithe leasmhara chun feidhmíocht na hOifige a shocrú. Cuimsíonn sé luachanna, spriocanna agus creat eiticíúil na hoifige ar laistigh de sin a chuireann an oifig a gnó i gcrích.

Trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, neartaigh OPAS a nósanna imeachta agus próisis trí athbhreithnithe iar-ghníomhaíochta, aiseolas agus comhairle a thabhairt do chliant d'fhonn agóidí dlí nóis imeachta neamhriachtanacha i leith gnó an Rialtais a laghdú.

Le linn 2021, déanfaidh an Oifig iniúchadh ar an scóip chun an coincheap maidir le Dlíthí Eiseamláireach a chur chun cinn i measc a cliant.

Spríoc Straitéiseach 2: Caidrimh a Fhorbairt

An bealach ina n-oibrímid agus ina soláthraímid ár seirbhísí a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go himmheánach agus go seachtrach araon

Tuairisciú ar Spríoc Straitéiseach 2 de chuid an Ráitis Straitéise

Naisc níos láidre lenár gcliaint agus páirtithe leasmhara a fhorbairt

Rinne an Oifig cumarsáid struchtúrtha le Ranna agus Oifigí cliaint agus tionóladh cruinnithe go rialta le cliaint bharrthábhachtacha (i dteannta comhairliúcháin agus cruinnithe maidir le saincheisteanna áirithe) e.g. maidir le heiseachadadh agus an Barántas Gabhála Eorpach (“BGE”), tearmann agus inimirce agus an Grúpa Comhordaithe Mara. Chomh maith leis sin, ghlac an Oifig páirt sna Grúpaí Idir-Rannacha agus Gasraí Oifigeach Sinsearach ábhartha maidir leis an mBreatimeacht agus pleanáil teagmhais. Chinntigh foirne tras-ghrúpa d’Abhcóidí Comhairleacha ag a raibh an raon saineolais cuí gur cuireadh seirbhís dlí chomhairleach ar fáil maidir le tionscadail mhóra ar nós CervicalCheck agus an Bhreatimeachta. Rinneadh próisis OAA a athbhreithniú agus a fheabhsú e.g. i réimse dlí an AE.

Bhí ról ar leith ag Abhcóidí Comhairleacha i gcúrsaí dlíthíochta trí mhionanailís dlí a chur ar fáil agus comhairle ó dhlíodóirí seachtracha a athbhreithniú ó thaobh dearcadh uile-Rialtais, agus comhairle agus eolas a thabhairt don Ard-Aighne de réir mar ba chúí. Glacadh cur chuige straitéiseach i leith saincheisteanna dlí, lena n-airítear idirghabháil a dhéanamh i gcásanna áirithe, i ndáil le réimsí dlíthíochta ar nós tearmann, inimirce, iarratais Airteagal 40, BGE, an dlí comhshaoil, bearta fostaíochta agus araíonachta inar tháinig an tsaincheist chéanna chun cinn in go leor cásanna. Chomh maith leis sin, d’aithin Abhcóidí Comhairleacha saincheisteanna dlí atá tagtha chun cinn ina bhféadfaí tairbhe a bhaint as réiteach reachtach ina leith.

Ról suntasach agus dian de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha is ea breathnóireachtaí dlí a ullmhú agus ionchar a lorg ón Aird-Aighne maidir le Cinn Scéimeanna Ginearálta. Breithníodh saincheisteanna Bunreachtúla, AE, CECD agus beartais dlí agus bhí tuiscint agus eolas na nAbhcóidí Comhairleacha maidir leis an tseirbhís phoiblí, an próiseas reachtach, an córas dlí agus cásdlí sna réimsí ar leith ina ngnéithe bunriachtanacha d’ionchur na nAbhcóidí Comhairleacha. Chomh

maith leis sin, glacann Dréachtóirí Parlaiminte páirt trí bhreathnóireachtaí maidir le Cinn Scéim Ghinearálta a chur ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha d'fhonn bheith ag coinne le haon saincheistanna dlí nó dréachtaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn Bille a dhréachtú.

Tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh maidir le Bille a dhréachtú, d'ardaigh Dréachtóirí Parlaiminte saincheistanna dlí go tráthrialta lena mbreithniú ag Abhcóidí Comhairleacha agus is minic go raibh na saincheistanna sin de chineál thar a bheith casta agus nuálach. Rinne Abhcóidí Comhairleacha, agus Dréachtóirí Parlaiminte nuair ba chúig, aighneachtaí dlí chuig an Ard-Aighne nuair a bhí a thuairim maidir le saincheistanna ag teastáil.

Leanadh de réimsí dlí nua a shainaithint, agus rinneadh faireachán orthu i gcomhar le Ranna agus rinneadh an saineolas sna réimsí sin a fhorbairt tuilleadh. Tá an Breatimeacht, an t-idirlíon, na meáin shóisialta agus cosaint sonraí, agus coimeád agus comhroinnt sonraí i measc na samplaí de réimsí inar tháinig saincheistanna nuálacha gan fasach chun cinn i ndáil le dlí an Aontais Eorpaigh agus i ndáil le dlí na hÉireann.

Tá líon aturnaetha ar fud Rannán Maoine Stáit OPAS tiomnaithe do shainréimsí oibre maidir le Maoin Stáit (lena n-áirítear réadmhaoin mhuirí agus urthrá, mhaoiniú caipitil spóirt agus na Roinne Cosanta) agus oibríonn siad i ndlúthchomhar leis na Ranna cliaint ábhartha. Chomh maith leis sin, chuir OPAS oiliúint shaincheaptha ar fáil do Ranna agus Oifigí cliaint chun an t-ardán eolais a ardú.

Caidreamh le Cliaint - OPAS

Seoladh an Tuarascáil um Chaidreamh le Cliaint an 5 Feabhra 2020 agus iarradh ar an méid a leanas cur léi:-

- An Príomh-Atur nae Stáit
- Cinn Rannáin agus Cinn Rannóige
- Oifigigh Caidreamh Cliaint
- Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht.
- Gníomhaíochtaí Garda CGS
- An Rannán um Sheirbhísí Dlí Talmhaíocht (RSD)
- Fostaí ar iasacht OPAS

Reáchtáladh cúig chruinniú nó teilea-chomhdháil le hOifigigh Caidreamh Cliaint (OCCnna) le linn na bliana. D'ullmhaigh OCCnna pacáiste eolais agus dháil siad iad

ar a gcliaint chun mionsonraí a thabhairt maidir le hobair na hOifige agus ról an OCC a leagan amach.

Beartaíodh teimpléad do chruinnithe le cliaint agus rinneadh líon cruinnithe le cliaint bharrthábhachtacha.

An t-ardán eolais a ardú dár gcliaint

rLRÉ

Déanann Grúpa rLRÉ na hOifige formhaoirseacht ar ullmhú, ar bhainistíocht agus ar uasdátú leanúnach ríomhLeabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ) agus rinne sé obair shuntasach sa bhliain 2020 maidir leis an gclár oibre r-Rialtais. Is é atá in rLRÉ ná taisclann ar líne reachtaíochta príomha agus reachtaíochta tánaistí a uasdátaítear go tráthrialta agus atá ar fáil saor in aisce ag an bpobal tríd an láithreán gréasáin www.irishstatutebook.ie.

Chomh maith leis sin, déantar Eolaire Reachtaíochta d'Achtanna (ó 1922 go 2020) agus ionstraimí reachtúla/rialacha reachtúla agus orduithe (ó 1931 go 2020) a fhoilsiú agus a nuashonrú, ina gcuirtear ar chumas úsáideoirí rLRÉ a fháil amach ar leasaíodh aon fhoráil reachtúil ar leith, nó an ndearnadh difear, ar shlí eile, d'aon fhoráil reachtach ar leith, ón tráth ar achtaíodh nó a ndearnadh í.

Tá téacs iomlán an Bhunreachta, mar aon le naisc le hAchtanna leasaitheacha, foilsithe ar rLRÉ freisin. Leanann rLRÉ de naisc dhíreacha a chur ar fáil ó (a) Achtanna go hAchtanna Leasaithe (is é sin, leaganacha comhdhlúite neamhoifigiúla riaracháin atá tiomsaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) má bhíonn siad ar fáil agus (b) ó Acht don Bhille ábhartha atá ar láithreán gréasáin Thithe an Oireachtais. I gcomhréir le prionsabal na sonraí oscailte, lean rLRÉ de shonraí maidir le reachtaíocht phríomha a chur ar fáil i bhformáid XML.

I gcomhréir le treoracha Cosanta Sonraí, cuireadh uirlis thoilithe i leith fianán i bhfeidhm freisin.

Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER)

Sa bhliain 2020, lean an Oifig den Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER) a chur i bhfeidhm trí bhíthin an rLRÉ. Mar thoradh ar an AER, tá sé de cheangal ar Bhallstáit AE úsáid a bhaint as aitheantas caighdeánach ar líne reachtaíochta agus as airíonna meiteashonraí chun cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí ionas go gcumasófar cuardach éifeachtach atá áisiúil don úsáideoir agus níos tapa agus go gcumasófar malartú faisnéise dlí.

Athbhreithniú Breithiúnach

Chun éascaíocht a dhéanamh ar naisc níos láidre lenár gcliaint agus ardán eolais cliant agus OAA a ardú, bhunaigh Rannóg um Athbhreithniú Breithiúnach OPAS fóram pleanála/comhshaoil sa bhliain 2018. In 2020, lean an fóram seo d'fhaisnéis a phlé agus a roinnt idir OAA, OPAS agus páirtithe leasmhara maidir leis an réimse casta dlí seo atá ag méadú. Chomh maith leis sin, tá líon ball foirne den Rannóg ar choistí inmheánacha agus seachtracha, mar shampla Grúpa Úsáideoirí um Sheirbhís do Chustaiméirí na nUaschúirteanna (an Grúpa Úsáideoirí Sibhialta roimhe seo), Grúpa Úsáideoirí Sibhialta na Cúirte Achomhairc agus Grúpa Úsáideoirí Comhairleach na Seirbhíse Cúirteanna.

Grúpa Úsáideoirí um Sheirbhís do Chustaiméirí na nUaschúirteanna: d'athraigh an grúpa a ainm in 2020 ón nGrúpa Úsáideoirí Sibhialta a bunaíodh mar chuid de phlean físe na Seirbhíse Cúirteanna chun eagraíocht de scoth an domhain a fhorbairt a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige freastal ar riachtanais gach úsáideora cúirte. Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tacú leis na Breithiúna agus seirbhís den scoth a chur ar fáil do gach úsáideoir cúirte, agus trí sin, éascaíocht a dhéanamh ar theacht a bheith ar cheartas. Tionóladh an Grúpa go ráithiúil in 2020 chun straitéis agus beartas a phlé i leith forbairtí nua atá ag na céimeanna tosaigh nó deireanacha i gcás ina bhfuil beartais á leathadh amach ina bhfuil béim mhór ar sheirbhís do chustaiméirí. Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe bainistíocht ó na dlínse cúirte éagsúla agus baill sheachtracha ar leith.

Ghlac *Grúpa Úsáideoirí Sibhialta na Cúirte* páirt in achomharc bréige ó chian le linn na Cásca in 2020. Rinneadh achomharc bréige ó chian sa Chúirt Uachtarach freisin. Bhí an dá achomharc bréige ina réamhtheachtaithe maidir le héisteachtaí ó chian a leathadh amach i dtéarmaí na Cásca 2020 agus cuireadh iad san áireamh i nótaí treoracha agus treoracha cleachtais na Cúirte maidir leis an tsaoráid chianda nua seo.

Grúpa Geallsealbhóirí Airteagal 40

Bunaíodh grúpa geallsealbhóirí Airteagal 40 chun na saincheisteanna is coitianta a aithint atá ina gcúis le hiarrataí Habeas Corpus agus a fháil amach an féidir beart feabhais a dhéanamh. Glacann líon rannóga dlíthíochta OPAS páirt ghníomhach sna cruinnithe démhíosúla leis an AA/SIP maidir le cásanna bunreachtúla i ndlíthíocht maidir le dlí coiriúil.

Gníomhaíocht luath le cliant a chur chun cinn

Rinneadh éascaíocht air seo trí ghníomhaíocht agus rannpháirtíocht na nAbhcóidí Comhairleacha ar Grúpaí Oibre Idir-Rannacha i réimsí earnála éagsúla.

Trí na Seirbhísí Atur nae ar fad a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí cliant, chinntigh OPAS go raibh cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach i gceist agus go háirithe:

- ceapadh baill foirne i ngach Rannán agus rannóg in OPAS ina n-oifigeach ainmnithe caidreamh cliant d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú agus éascú caidreamh cliant,

tosaíochtaí oibre agus comhoibriú le comhghleacaithe i gcomhthéacs domhanda na n-ábhar a bhaineann le cliaint ar fud OPAS

- bhí OPAS i dteagmháil go tráthrialta leis na príomhchliant chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe leanúnacha agus chun pleanáil straitéiseach a dhéanamh i gcomhair tionscadail a bheadh ag teacht chun cinn agus bhuaileadh siad go tráthrialta le hoifigigh threorach agus le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht, de réir mar ba ghá, i Ranna cliaint i rith na bliana
- Déanann OPAS iarracht comhaid nua a oscailt laistigh de 24 uair ar sheirbheáil imeachtaí nó litir réamhdhlíthíochta ar an rannóg (de ghnáth, osclaítear comhaid laistigh d'uair ar fhógra a fháil). Déanaimid iarracht gníomhú láithreach lenár gcliainnt i ndiaidh comhad a oscailt d'fhonn treoracha a lorg ón gcliainnt go tráthúil agus moill a laghdú maidir le hiarrataí a shocrú, nuair is cuí, ag céim luath agus trí sin a dhéanamh, costais a laghdú don chliant. Nuair atáthar ag cur in aghaidh cásanna, déanaimid iarracht páipéir an fhreasúra a chomhdú ag an dáta is luatha agus is féidir. Maidir le ceisteanna idirbheartaíochta, tá líon prótacal i bhfeidhm ag OPAS le cliainnt áirithe bharrthábhachtacha ina dtugtar mionsonraí faoi mar a chuirtear ceisteanna chun cinn.

Naisc le hAbhcóidí Comhairleacha agus Aturnaetha Stáit ar iasacht a neartú

Leantar den Chlár Iasachta a mhéadú ar fud go leor Ranna agus thacaigh an Oifig le hAonaid Dlí i Ranna a mhéadú trí Abhcóidí Comhairleacha a bhfuil taithí acu a thabhairt ar iasacht chun na hAonaid Dlí inmheánacha sin a stiúradh agus a bhainistiú, ar nós na Roinne Tithíochta agus na Roinne Dlí agus Cirt in 2020.

Leantar de na naisc láidre leis na hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus leis na haonaid dlí i Ranna. Déanann Abhcóide Comhairleach ag an leibhéal Rúnaí Cúnta cathaoirleacht ar Scáthghrúpa Oibre ar Iasacht a chuir tacaíocht ar fáil don Abhcóide Comhairleach ar iasacht; d'eagraigh sé oiliúint agus forbairt maidir le réimsí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do dhlíodóirí inmheánacha an Rialtais; thacaigh sé le líonra na nAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus d'oibrigh sé leis; agus thuairiscigh sé go rialta do Choiste Bainistíochta OAA.

Chas grúpaí d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht leis an Ard-Aighne i gcaitheamh na bliana chun feidhmiú an chláir iasachta a phlé. Chas an tArd-Stiúrthóir le hAbhcóidí Comhairleacha iasachta go tréimhsiúil, mar aon leis an Abhcóide Comhairleach a dhéanann maoirseacht ar an gclár iasachta.

D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht ar chruinnithe ginearálta de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha agus ag imeachtaí bainistithe oiliúna agus eolais in OAA agus bhí teacht acu ar Leabharlann OAA agus ar sheirbhís Feasa Gnó de réir mar ba ghá. Chomh maith le comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha laistigh de OAA (agus OPAS de réir mar ba chuí) maidir le seirbhísí comhairleacha dlí a chur ar fáil do Ranna agus gníomhaireachtaí cliaint, chuir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht comhairle ar fáil freisin i ndáil le líon ceisteanna suntasacha, lena n-áirítear:

- Sa Roinn Airgeadais, d'ullmhaigh Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht páipéar dar teideal 'Red Flag Issues for Negotiation of New EU Laws'. Cuireadh an páipéar seo i gcúrsaíocht agus cuireadh é faoi bhráid líon ranna eile.
- Cuireadh comhairle ar fáil freisin laistigh den Roinn sin maidir le Creat Cuntasachta Duine Aonair Bainc Cheannais trína gcuirfear ar chumas an Bhainc Cheannais Réimeas Cuntasachta Feidhmiúcháin Sinsearach a chur i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáidí ceangailteacha agus infheidhmithe i leith soláthraithe seirbhíse airgeadais rialaithe agus daoine aonair.
- Chuir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht sa Roinn Talmhaíochta agus sa Roinn Fiontar comhairle ar fáil ar bhonn leanúnach i gcomhar leis an Oifig maidir le réimse scéimeanna tacaíochta airgeadais práinneacha a fhorbairt agus a mhéadú chun cuidiú le fiontar ar imir an Breatimeacht agus Covid-19 drochthionchar orthu. Áiríodh leis sin, comhairle a thabhairt maidir le dréachtreachtaíocht atá ag teastáil chun bheith mar bhonn agus mar thaca ag scéimeanna tacaíochta áirithe, bhí gá le comhairle ghinearálta ina leith sin maidir le gach scéim dá leithéid a bhunú, a fhorbairt agus a choinneáil.
- Chuir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide comhairle ar fáil maidir le reachtaíocht phríomha lena mbunaítear ciste reachtúil um ghníomhú ar son na haeráide, a achtaíodh laistigh den chéad 100 lá den Rialtas nua (dá bhforáiltear i gClár an Rialtais).
- Chomh maith leis sin, chuir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht sa Roinn sin comhairle ar fáil maidir le rialacháin chumarsáide a d'ullmhaigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) chun éascaíocht a dhéanamh ar scaoileadh éigeandála speictrim agus plódú líonra ar úsáid níos mó idirlín is cúis leis a mhaolú i ndiaidh srianta Covid-19.
- I mí Eanáir 2020, leathadh amach Rannóg Comhairleacht d'Aonad Dlí na Roinne Dlí agus Cirt d'fhonn leibhéal breise agus feabhsaithe seirbhísí comhairleacha dlí a chur ar fáil don Roinn ar fad, trí chur leis na seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil go díreach agus caidreamh le cliaint a fheabhsú. Ina theannta sin, bhí Abhcóidí Comhairleacha ón Aonad Dlí ar fáil chun tacú leis an Roinn ina gníomhaíochtaí leis an Roinn Sláinte, An Garda Síochána agus leis an Oifig maidir leis na bearta sláinte

poiblí éagsúla a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú a tugadh isteach chun srian a chur le scaipeadh víris Covid-19.

- Chuir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige comhairle phráinneach ar fáil maidir leis an earnáil cúraim leanaí agus oideachais Luathbhlianta a mhaoiniú i ndiaidh a dúnta an 12 Márta 2020.
- Sa Roinn sin freisin, rinne Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht an Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá Cúraim Leanaí Covid-19 a cheapadh, comhairle a thabhairt ina leith agus í a chur i bhfeidhm trí chomhordú agus comhoibriú le OPAS agus OAA maidir leis an scéim a chur i bhfeidhm agus conarthaí nua agus an Íocaíocht Tacaíochta Athoscailte ina dhiaidh sin a chur ar fáil.
- Chuir an tAonad Dlí sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht comhairle ar fáil maidir le saincheistanna éagsúla a bhain leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe agus Luacháil 2020 agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2020.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Oifig feidhmchlár Tógáil le Roinnt Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht ar ardán "Hive" Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chun comhroinnt agus idirghníomhaíocht faisnéise mear agus éasca idir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht a chothú agus a éascú. Trí sin, neartaíodh naisc leis an Oifig trí aithris a dhéanamh, go bunúsach, ar chuid mhaith de na hacmhainní atá ar fáil ar inlín na hOifige agus iad a roinnt.

Cumarsáid agus Comhoibriú ar fud na hOifige a Láidriú

Cé gur tháinig dúshlán chun cinn ar dtús mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19, d'aistrigh an Oifig go tapa i dtreo an réimse fíorúil trí threalamh TFC agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhonn feidhmiú na hOifige a choimeád ag imeacht. Leanadh de chruinnithe comhordaithe agus tionóladh iad ar líne ar fud ardáin éagsúla.

Aistríodh cruinnithe agus imeachtaí maidir le Saincheistanna Dlí de chuid OAA (lena n-áirítear comhdháil bhliantúil na nAbhcóidí Comhairleacha Iasachta) ar líne freisin, ar trí sin a dhéanamh, cuireadh le comhroinnt faisnéise agus comhoibriú foriomlán ag leibhéal gairmiúil agus idirphearsanta araon. Aithníodh cumarsáid i measc foirne, grúpaí agus rannáin a bheith ina tosaíocht agus rinneadh iarracht ar leith a chinntiú go mbeadh comhoibriú leanúnach ag leibhéal ard i gcónaí.

D'oibrigh baill foirne Leabharlainne agus Feasa Gnó agus taighdeoirí dlí in OAA i ndlúthchomhar le grúpaí Abhcóidí Comhairleacha chun a gcumas comhairle dlí a chur ar fáil a uasmhéadú agus na forbairtí agus údaráis is déanaí á gcur san áireamh. Bhí baill foirne Leabharlainne agus Feasa Gnó an-ghníomhach i dtionscnaimh oiliúna agus forbartha agus feasa gnó OAA. Chomh maith leis sin, scaip siad go rialta breithiúnais a tugadh le gairid, chnuasaigh siad blaganna dlí ardchaighdeán agus rinne siad athbhreithniú i gcónaí ar an gcatalóg téacsanna atá ar fáil sa leabharlann.

Ar an gcaoi chéanna in OPAS, lean an tSeirbhís Eolais & Faisnéise de sheirbhísí leabharlainne agus faisnéise dlí a chur ar fáil do bhaill foirne ag obair ó chian agus san oifig araon. Chomh maith leis sin, lean an tSeirbhís dá hacmhainní inlín a fhorbairt don fhoireann dlí agus feabhas a chur ar fheidhmiúlacht a feidhmchláir cuardaigh chónaidhme LegalSearch. D'fhorbair an tSeirbhís Eolais & Faisnéise inlín OPAS nua trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár inlín Tógáil le Roinnt a chuireann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPFR) ar fáil.

Mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus an chianobair mar thoradh air sin, chuaigh foireann Foghlama & Forbartha OPAS in oiriúint do bhealaí nua oibre lena n-áirítear imeachtaí oiliúna ó chian, d'fhonn leanúint d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus tionscnaimh folláine a chur ar fáil. D'athraigh OPAS ó fhoghlaim bunaithe sa seomra ranga a chur ar fáil go dtí cláir foghlama fíorúla lena chinntiú go mbainfí amach uaireanta dlí FGL.

Chomh maith leis an Oiliúint Iasachta leanúnach d'Abhcóidí Comhairleacha a fostaíodh le gairid, chuir OPAS seisiúin fhíorúla um sholáthar agus oiliúint conartha ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha chun comhairle a thabhairt maidir le saincheistanna dá leithéid chun caidreamh a fhorbairt idir na hOifigí.

Lean Rannán Ceartais agus Coireacht OPAS agus an Grúpa Abhcóidí Comhairleacha atá ag déileáil le dlí coiriúil de chomhoibriú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar fud cásanna práinneacha maidir le Barántas Gabhála Eorpach, iarrataí ar Chúnamh Frithpháirteach Dlí agus iarratais ar Habeas Corpus.

Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a Fhorbairt

Oifig dlí a bheith ionainn atá comhaimseartha, lúfar agus fuinniúil agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliainnt agus ár ndaoine

Tuairisciú ar Sprioc Straitéiseach 3 de chuid an Ráitis Straitéise

Réitigh TFC a chur ar fáil chun tacú lenár ndaoine an leibhéal seirbhíse a theastaíonn ó chliainnt a chur ar fáil

Mar fhreagra ar an bpaindéim Covid-19, chuir réimsí TFC san Oifig go mór lena gcumas cianoibre in 2020 d'fhonn rochtain iomlán ar fheidhmchláir a chur ar fáil do bhaill foirne trí ríomhairí glúine agus gairis mhóibíleacha a chur ar fáil. Bhí obair shuntasach ag teastáil i leith córais chúil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar an méadú agus shamhail slán i leith an líonra a rochtain a choinneáil ag an am céanna.

Chomh maith leis sin, bhunaigh TFC na bogearraí agus crua-earraí atá ag teastáil chun úsáid éifeachtach a bhaint as comhdhálacha gréasáin ar ghairis ó chian agus san Oifig féin d'fhonn bheith in ann leanúint de chruinnithe ó chian agus cloí le teoracha maidir le scaradh sóisialta ag an am céanna.

Chomh maith leis sin, thug TFC OPAS córais isteach chun tacú le comhaid cásanna móra a aistriú ar bhealach slán agus iniúchta mar aon le bogearraí agus oiliúint chun tacú le leabhair leictreonacha a chruthú d'éisteachtaí cúirte.

Baill foirne den scoth a fhostú agus a choinneáil

Mar a luadh níos tuisce sa Tuarascáil seo, mar gheall ar na hacmhainní atá ar fáil don Oifig, cuirtear isteach go mór ar a cumas seirbhíse den chéad scoth a chur ar fáil dá cliainnt. Gné eile is cúis leis sin ná an deacracht leanúnach atá ag OPAS foireann dlí a fhostú mar gheall ar na rátaí ísle pá ag an leibhéal iontrála. Táimid ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na fadhbanna sin a réiteach.

Lean an Oifig de dhul i gcomhairle go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus acmhainní a chur ar fáil le haghaidh comórtais fostaíochta a reáchtáil d'fhonn cuid de na folúntais a líonadh i rith na bliana 2020. Go háirithe, fostaíodh líon ball foirne AD agus TFC a raibh taithí acu i gcomhréir le hoibleagáid maidir le feabhas a chur ar ghairmiúlú na réimsí seo.

Cultúr na hOifige i leith rialachas agus bainistíocht riosca a fheabhsú

Le linn 2020, lean Coistí um Bainistíocht Riosca agus um Iniúchóireacht na hOifige de chruinnithe a reáchtáil agus a gcuid oibre a chur chun cinn. Tháinig siad le chéile 8 uair agus 2 uair faoi seach sa bhliain 2020. Rinneadh na cláir riosca a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leathbhliantúil le linn 2020. Reáchtáladh cruinnithe athbhreithnithe um Bhainistíocht Riosca i mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2020 agus chas an coiste leis na bainisteoirí áitiúla ábhartha ar fad. Chomh maith leis sin, chuir gnólacht seachtrach clár maidir le hiniúchtaí inmheánacha i gcrích.

Le linn 2020 d'oibrigh Coiste um Bainistíocht Riosca OAA-OPAS le baill foirne chun feasacht ar riosca a ardú agus na cláir riosca a athbhreithniú agus a nuashonrú. Lorgaíodh ráitis maidir le hárachas riosca go leathbhliantúil ó úinéirí riosca ábhartha agus comhaontaíodh Plean Coiste nua um Bainistíocht Riosca don bhliain 2020.

Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar Chreat Rialachais Chorparáidigh OAA le linn 2020.

Éifeachtúlacht maidir lenár seirbhísí a chur ar fáil a fheabhsú

Sainseirbhís chomhairleach na nAbhcóidí Comhairleacha agus seirbhís dréachtaithe na nDréachtóirí Parlaiminte a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach

Rinneadh réimsí ábhair agus ballraíocht sna cúig ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha agus sna ceithre ghrúpa Dréachtóirí Parlaiminte a athbhreithniú go tráthrialta, ag féachaint do raon an tsaineolais, do luaineachtaí na hoibre agus d'fhorbairt scileanna agus taithí na ndlíodóirí. Bhí cinn na ngrúpaí sin i dteagmháil go tráthrialta le chéile ag a gcruinnithe seachtainiúla agus de réir mar a bhí riachtanach i ndáil le tionscadail a raibh gá le hionchur speisialtóireachta ina leith ó roinnt grúpaí éagsúla.

Chomh maith le leanúint de chomhairle a thabhairt i dtaca le comhaid a bhí oscailte cheana féin, osclaíodh níos mó ná 850 comhad comhairleach nua in OAA sa bhliain 2020. Tugadh comhairle dlí freisin i ndáil le comhaid a bhain le reachtaíocht, dlíthíocht agus idirbhearta ar leith.

Rinne Abhcóidí Comhairleacha a gcuid saineolais ar réimsí ábhartha dlí a nuashonrú trí thaighde a dhéanamh, trí mheantóireacht agus trí ionduchtú, trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha, (lena n-áirítear ó chian), trí oiliúint agus forbairt inmheánach agus fíorúil agus trí chruinnithe dlíthiúla inmheánacha tráthrialta fíorúla ar lena linn a chuir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlí reatha i láthair. Ba phríomhghnéithe den obair iad, i dtaca le hAbhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte a choinneáil cothrom le dáta, scaipeadh grúpthuarascálacha seachtainiúla ar na dlíodóirí uile in OAA agus an bhéim ar chomhairle dlí a chur leis an gcóras Feasa Gnó.

Feabhsaíodh saineolas trí oiliúint ar úsáid uirlisí taighde ar an gcóras bainistíochta cás agus taifead, ar an mbunachar sonraí Feasa Gnó agus ar bhunachair shonraí eile de chineál tráchtála.

Próisis agus Córais

Lean an Oifig de choinneáil cothrom le dáta le forbairtí i ngnólachtaí príobháideacha dlí agus, go háirithe, leanadh de choinneáil cothrom le dáta leis na córais tacaíochta a úsáidtear chun seirbhísí ardchaighdeáin dlí a sholáthar do chliaint. Áiríonn sé sin coimeád ar an eolas faoi dul chun cinn i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i dtimpeallacht oifige dlí agus páirt a ghlacadh i Líonra Bainistíochta Eolais agus féachaint leis an deachleachtas reatha a chur i bhfeidhm san Oifig.

Mar gheall ar an bpaindéim leanúnach, tarraingíodh aird ghéar ar sholáthar seirbhísí. Cé gur cinneadh an príomhsholáthar seirbhísí dlí trí rialacha agus cleachtais cúirte, rinne an Oifig athbhreithniú ar a nósanna imeachta inmheánacha maidir le táillí abhcóidí a phróiseáil. Athbhreithníodh an córas ionas go bhféadfadh abhcóidí nótaí táille a chur isteach go leictreonach agus ionas gur féidir próiseáil inmheánach an nóta táille a dhéanamh go leictreonach, tríd is tríd. Tagann sé seo in ionad próiseas láimhe roimhe seo a bhí anásta.

OPAS – Cianéisteachtaí:

Mar gheall ar an bpaindéim Covid-19, cuireadh srian le suíonna fisiceacha Cúirteanna in 2020, agus dá thoradh sin, rinneadh aistriú tobann agus gan fasach i dtreo cianéisteachtaí i gcásanna dlíthíochta os comhair na hArd-Chúirte, na Cúirte Achomhairc, na Cúirte Uachtaraí agus Chúirteanna AE.

Ó mhí Aibreáin 2020 i leith, d'athraigh an fhoireann dlí a cleachtais oibre traidisiúnta chun dul in oiriúint d'éisteachtaí agus do réamhéisteachtaí ó chian. Bhí úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíocht ríthábhachtach maidir le cianéisteachtaí a ullmhú agus a chur i gcrích. Baineadh úsáid as ardáin físchomhdhála le haghaidh comhairliúcháin le cliaint agus chun freastal ar chianéisteachtaí. Rinneadh aistriú suntasach i dtreo úsáid a bhaint as ríomhleabhair, páipéir a ríomhchomhdú sa chúirt agus ríomh-mhionteagaisc d'abhcóidí. Bhí ar an bhfoireann dlí Treoracha Rialtais a leanúint agus cloí le Treoracha Cleachtais Cúirte nuair a bhíodhas ag ullmhú do chianéisteachtaí agus nuair a bhíodhas á gcur i gcrích.

Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí an chuid is mó de chásanna á n-éisteacht ó chian os comhair na hArd-Chúirte, na Cúirte Achomhairc agus na Cúirte Uachtaraí, agus is go leictreonach a tugadh breithiúnais. Chomh maith leis sin, is ó chian a bhíodhas ag déileáil le liostaí Cúirte.

Clárlann OAA

Chuaigh an tAonad Clárlainne in oiriúint do na dúshláin a bhain le Covid-19 agus forbraíodh cleachtais agus pátrúin oibre trína rabhthas in ann an tseirbhís a sholáthraíonn Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte a chur ar fáil i gcónaí. Tá cianobair anois ina gné d'obair na Clárlainne agus tá an acmhainn inti gníomhú go mear agus comhfhreagras a dháileadh i bhformáid leictreonach maidir le ceisteanna práinneacha agus ag an am céanna, cinnte a dhéanamh de go bhfuil pearsanra a fhreastalaíonn ar an Oifig i gcónaí i timpeallacht shlán oibre.

Tá an sreabhadh oibre cuíchóirithe d'fhonn éifeachtúlacht a chur i bhfeidhm agus gach ball foirne a spreagadh chun oibriú laistigh dár gcóras leictreonach bainistithe cásanna, níos mó faisnéise a ghabháil agus teacht níos éasca bheith ag na páirtithe leasmhara ar fad uirthi, go háirithe i ndáil le saincheisteanna atá íogair ó thaobh ama de.

I gcomhar le baill foirne TF san Oifig agus pearsanra ó OPAS, d'oibrigh an Chlárlann ar fheabhsuithe i ndáil le Córas Bainistithe Cásanna agus Taifead na hOifige agus táthar ag súil iad a leathadh amach sa bhliain 2021.

In ainneoin srianta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19, chinntigh an tAonad Clárlainne gur comhlíonadh oibleagáidí OAA i ndáil leis an gCartlann Náisiúnta, lena n-áirítear ábhar maidir leis an gComhaontú Angla-Éireannach a aistriú.

Spríoc Straitéiseach 4: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine

Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus comhoibriú go héifeachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcliainnt

Tuairisciú ar Spríoc Straitéiseach 4 de chuid an Ráitis Straitéise

Covid, Saoráidí agus Sláinte agus Sábháilteacht

Ghníomhaigh Aonaid Seirbhísí mar aon le hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta go hanmhear i leith na paindéime Covid-19. Bhí ról barrthábhachtach acu a chinntiú go mbeadh an Oifig ina háit shlán do bhaill foirne chun freastal uirthi de réir mar ba chúig agus a gcuid oibre a chur i gcrích. Chuir siad ionchur suntasach ar fáil maidir le Pleananna Freagartha na hOifige i ndáil le Covid-19 a fhorbairt agus chinntigh siad go ndearnadh na rialuithe agus socruithe a bhí riachtanach chun tacú leis na Pleananna a chur i bhfeidhm go pras. Mar aon lena gcuid oibre maidir le háitreabh na nOifigí, chuir Aonaid Seirbhísí tacaíochtaí ar fáil do bhaill foirne a bhí ag obair ó chian.

I gcomhthéacs an aistrithe maidir le Covid i dtreo cianobair, tionóladh cruinnithe fíorúla bainistithe oibre, oideachais dlí agus sóisialta i measc na bhfoirne, aonad agus rannán san Oifig lena chinntiú go raibh tacaíocht agus dlúthpháirtíocht ar fáil do na baill foirne ar fad.

Is i bpearsa a tionóladh cruinnithe an Ghrúpa um Oiliúint a Sholáthar, Saincheisteanna Dlí agus saincheisteanna Dlí AE (roimh shrianta Covid) agus ina dhiaidh sin tionóladh iad go fíorúil maidir le réimse topaicí.

Rannpháirtíocht Foirne

In 2020, chuaigh OPAS i dteagmháil le baill foirne go rialta trí thionscnaimh rannpháirtíochta státseirbhíse.

Agus Ráiteas Straitéise nua na hOifige 2020 -2023 á ullmhú, lorg an Coiste um Ráiteas Straitéise, a chuimsigh ionadaithe ó OAA, OPAS agus ODP, tuairimí ó bhaill foirne agus cliainnt trí phróiseas comhairliúcháin inmheánaigh a chur i gcrích a ndearnadh éascaíocht air trí 15 ceardlanna fíorúla (ghlac 105 ball foirne páirt), trí shuirbhé ar líne (ghlac 142 ball foirne páirt) agus trí shuirbhé seachtrach spríocdhíritha a dhéanamh ar chliainnt bharrthábhachtacha lena chinntiú go raibh an Ráiteas Straitéise nua ina léiriú ar dhearcthaí ball foirne agus cliainnt.

I rith na bliana, chuir Foireann Rannpháirtíochta Foirne OPAS seisiúin rannpháirtíochta i gcrích i mí Eanáir 2020 agus arís le linn shamhradh na bliana 2020 inar cuireadh torthaí na seisiún sin agus torthaí suirbhéanna rannpháirtíochta foirne roimhe seo in iúl do bhaill foirne. Chomh maith leis sin, réachtáil an Oifig fócasghrúpa do Iontrálaithe Nua i mí Mheán Fómhair mar aon le fóram smaointe bliantúil i mí na Nollag d'fhonn aiseolas a spreagadh agus éisteacht le tuairimí ball foirne i ndáil lena n-eispéireas de bheith ag obair in OPAS.

Mar chuid de na tionscnaimh sin, bunaíodh Foireann Nuálaíochta OPAS faoin gceannteideal Atmaisféar Nuálaíochta. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann, ina gcuimsítear ionadaithe ó Rannáin éagsúla, cultúr Nuálach a chothú in OPAS agus pléitear le smaointe maidir le cur chuige na hOifige i ndáil le bainistiú daoine, soláthar seirbhíse a fheabhsú agus áit níos fearr a dhéanamh den oifig chun oibriú inti. Chuir an Fhoireann Nuálaíochta tionscnaimh nua i láthair na mball foirne agus cuirtear smaointe i láthair go rialta ag cruinnithe den Bhord Bainistíochta. Áiríodh leis na tionscnaimh in 2020, nuachtlitir don oifig ar chuir an Fhoireann Nuálaíochta tús leis ina gcuirtear nasc sóisialta luachmhar ar fáil do bhaill foirne ar fud na hoifige agus Córas Páirtíochta a thabhairt isteach ina bpéireáiltear baill foirne nua le ball foirne a bhfuil níos mó taithí acu chun cuidiú agus tacaíocht a thabhairt d'fhostaí nua socrú isteach san oifig agus ar féidir leo foinse eolais neamhfhoirmiúil a chur ar fáil. Bhí sé seo an-úsáideach le linn na paidéime nuair a laghdáíodh idirghníomhaíocht na mball foirne.

D'fhonn forbairt a dhéanamh ar mholadh ón bhFoireann Nuálaíochta don Bhord Bainistíochta in 2020 agus i bhfianaise gealltanais na hOifige maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar fud Ráiteas Straitéise na hOifige 2020-2023, chomhaontaigh Bord Bainistíochta OPAS freisin Foireann Shinsearach Freagrach maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú san Oifig a bhunú.

Cultúr maidir le meas, dínit, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre

De réir Dualgas na hEanála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas'), tá oibleagáid reachtúil ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí aird a thabhairt ar an riachtanas deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna ball foirne agus na daoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. D'fhonn comhlíonadh a oibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2005 agus an tAcht um Míchumas 2005 a chinntiú, déanann an Oifig iarracht a chinntiú gur trí phríosma na dínite, an chomhionannais agus na héagsúlachta a chuirtear gach gníomhaíocht i gcrích. Tá Oifigigh Idirchaidrimh réamhghníomhacha do Dhaoine faoi Míchumas (OIDM) san Oifig a chuidíonn le feasacht a ardú agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le míchumas. Tugadh sainoiliúint isteach chun tacú le cultúr níos cuimsithí d'iontrálaithe nua in OPAS.

Scéim na Gaeilge

I dtús na bliana 2020, d'fhoilsigh an Oifig Scéim Ghaeilge nua i gcomhréir le riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina gclúdaítear an tréimhse 2020-23. Aistríodh Tuarascáil Bhliantúil 2019 na hOifige go Gaeilge i rith na bliana. Ní raibh mórán éilimh ó bhaill den phobal ar theagmháil trí Ghaeilge (bhíothas ag súil leis sin ós rud é nach gcuireann an Oifig seirbhísí dlí ar fáil go díreach don phobal).

Barr feabhais a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistíocht agus forbairt feidhmíochta

Lean OAA d'úsáid a bhaint as Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na Státseirbhíse chun tacú leis na spriocanna a leagtar amach ina Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Úsáideadh an próiseas freisin chun feidhmíocht a bhainistiú agus tacú le riachtanais foghlama agus forbartha agus iad a aithint.

In éagmais foghlama duine le duine, cuireadh roghanna oiliúna ríomhfhoghlama ar fáil chun tacú le forbairt leanúnach na foirne. Chomh maith leis sin, rinne an Grúpa Oibre um Meantóireacht clár meantóireachta a leagan amach in OAA agus déanfar an clár seo a chur i bhfeidhm agus a leathadh amach sa bhliain 2021.

Lean an Oifig dá rannpháirtíocht le OneLearning, agus le hIonad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse.

In 2020, thug OAA faoi chlár chun na pointí gníomhaíochta a leagtar amach ina straitéis maidir le Foghlaim & Forbairt don tréimhse 2020-2023 a chur i bhfeidhm.

Mar thoradh ar an bpaindéim agus an chianobair dá barr sin, chuaigh foireann Foghlama & Forbartha OPAS in oiriúint do bhealaí nua oibre lena n-áirítear imeachtaí oiliúna ó chian d'fhonn leanúint d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus tionscnaimh folláine a chur ar fáil. D'athraigh OPAS chun clár foghlama fíorúla a chur ar fáil lena chinntiú go mbainfí amach uaireanta dlí FGL.

Bhain foirne AD úsáid as teicneolaíochtaí a bhí ar fáil agus as próisis chumarsáide nuálacha chun cur ar chumas na foirne páirt iomlán a ghlacadh i dtionscnaimh AD agus oiliúna. Spreag foireann Foghlama & Forbartha OPAS baill foirne dlí agus riaracháin chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama agus forbartha trí bhíthin feasachán rialta um Foghlaim & Forbairt inar tugadh eolas faoi imeachtaí foghlama a bhí le teacht, agus tríd an leathanach maidir le Foghlaim & Forbairt ar inlín OPAS.

Ghlac baill foirne dlí agus riaracháin in OPAS páirt in obair an Choiste um Oiliúint agus Forbairt in OPAS d'fhonn comhlíonadh Straitéis um Oiliúint agus Forbairt OPAS a chinntiú. Chomh maith leis sin, lean an Oifig de dhíriú ar chlár folláine don fhoireann.

Tugadh an deis do bhaill foirne OPAS freastal ar oiliúint scileanna agallaimh ar bhonn inniúlachta chun tacú lena bhforbairt phearsanta laistigh den Oifig agus cuireadh Clár Meantóireachta i bhfeidhm ar bhonn píolótach. Reáchtáil OPAS Laethanta ar Shiúl do bhaill foirne in 2020 le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach. Rinne cainteoirí inmheánacha agus seachtracha araon cuir i láthair maidir le réimse leathan topaicí.

Ghlac bainisteoirí sinsearacha páirt i gcláir um cheannaireacht feidhmiúcháin SPS agus PO, agus cuireadh na hainmniúcháin isteach chuig na cláir maidir le Saineolaithe Náisiúnta san Oiliúna Gairmiúla.

Athdhréachtaíodh Fógra Oifige um Aisíoc Táillí OPAS le go mbeifí in ann cúrsaí maidir le hAistriú Cáilíochtaí Dlíodóra cáiliú faoin mBeartas um Aisíoc Táillí amach anseo agus tacú le baill foirne a bhain cáilíochtaí dlíodóra amach lasmuigh den AE aitheantas a fháil do na cáilíochtaí sin in Éirinn ionas gur féidir leo a dtaithe luachmhar a chur ar fáil in OPAS.

Ghlac foirne Acmhainní Daonna páirt i líonra Comhpháirtithe Gnó AD na Státseirbhíse le haghaidh comhoibriú agus rannpháirtíocht maidir le tacú le tionscnaimh straitéiseacha AD laistigh den Oifig agus iad a chur chun cinn.

Rinneadh go leor gníomhaíochtaí, cumarsáidí agus nuashonraithe Folláine agus cuireadh iad ar fáil i rith na bliana 2020, go háirithe mar gheall ar aistriú na hOifige chuig patrúin oibre ó chian. Reáchtáladh cúrsaí OneLearning, cúrsaí oiliúna um fheasacht ar Covid-19, cúrsaí Covid-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte do Bhainisteoirí agus imeachtaí oiliúna inmheánacha fíorúla agus d'fhreastail baill foirne de chuid na hOifige orthu.

Tacú lenár ndaoine trí chórais bainistíochta eolais feabhsaithe

Lean Seirbhís Leabharlainne & Taighde OAA de sheirbhís iomlán a chur ar fáil in ainneoin na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar an bpaindéim Covid-19. Forbraíodh sraith nua de sheirbhísí feasachta reatha chun baill foirne a choinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí dlí le linn ghéarchéime Covid; cuireadh lenár mbailiúchán ríomhleabhar chun éascaíocht a dhéanamh ar dhlíodóirí a bhí ag obair ó chian.

Chomh maith leis sin, lean blag dlí OAA de bheith ina uirlis bainistithe eolais dlí do OAA, trí phostálacha ó bhaill foirne OAA maidir le réimse leathan topaicí dlí (lena n-áirítear Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht) le tacaíocht ó Choiste Blag Dlí OAA. Aistríodh cruinnithe maidir le saincheisteanna dlí agus imeachtaí eile oiliúna dlí OAA chuig fóram fíorúil in 2020 lena cinntiú gur comhlíonadh na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar an ngéarchéim Covid-19.

Lean OAA de ghabháil, comhroinnt agus inrochtaineacht feasa gnó dlí a fheabhsú tríd an mbunachar sonraí feasa gnó dlí inmheánach a fhorbairt agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach.

Tionóladh Coiste Eolais, Foghlama agus Forbartha OPAS ar bhonn míosúil le linn 2020. D'fhorbair an Coiste modhanna nuálacha maidir le bainistíocht eolais dlí a fheabhsú ar mhaithe le baill foirne a bhí ag obair ó chian den chuid is mó le linn na bliana. Go háirithe, rinne na Taighdeoirí Dlí sraith d'Fheasacháin Dlí a ullmhú agus a scaipeadh ag eatraimh rialta, d'fhonn aird a tharraingt agus achoimre a thabhairt ar na príomhfhorbairtí dlí i réimsí cleachtais ar leith. Trí sin cuireadh ar chumas na foirne fanacht ar an eolas maidir le forbairtí ina réimsí cleachtais áirithe. Chomh maith leis sin, d'éirigh le OPAS clár oiliúna dlí inmheánach a aistriú ina fhormáid soláthair ó chian trí leathadh amach an chláir imeachtaí míosúla 'Lón agus Foghlaim' ar glacadh go han-mhaith leis agus a reáchtáladh trí fhíschomhdháil, inar chluádaigh ár gcainteoirí réimsí saineolais na huaire. Tríd an bhformáid nua, bhí níos mó daoine in ann freastal agus bhí leibhéal ard rannpháirtíochta ag na seisiúin.

Cothromaíocht mhaith oibre is saoil a chur chun cinn

In 2020, mar fhreagra ar an bpaindéim dhomhanda Covid-19, d'aistrigh an chuid is mó d'fhostaithe san Oifig chuig cianobair. Chun cuidiú le baill foirne tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le cianobair, cuireadh clár sláinte agus folláine i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, chuir an Oifig tacaíochtaí sláinte agus folláine ríomhfhoghlama chun cinn a d'fhorbair OneLearning i gcomhairle le Rannán AD na Státseirbhíse agus SCFS.

Cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Leann Aonad Seirbhísí OAA de chlár éifeachtúlachta fuinnimh na hOifige a chur chun cinn agus úsáid fuinnimh a thuairisciú do ÚFIÉ mar chuid den tionscnamh atá ag gach comhlacht Earnála Poiblí úsáid fuinnimh a laghdú.

In 2020, d'úsáid OAA:

- 329 MWh leictreachas
- 302 MWh comhlán de bhreoslaí gáis nádúrtha
- 30 tonna breoslaí in-athnuaite (sliseanna adhmaid)

Áiríodh leis na bearta coigilte fuinnimh le linn na bliana úsáid níos mó a bhaint as lasca solais braiteora ina áiteanna ísealtráhta, uaineadóirí ar Aonaid Láimhseála Aeir agus leanúint de sholais LED a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe. Déanann an tAonad Seirbhísí monatóireacht ar thomhaltas fuinnimh go rialta.

In 2020, d'úsáid OPAS:

- 416 MWh leictreachas
- 322 MWh gás

Maidir le cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn laistigh de OPAS, athríodh tosaíochtaí Seirbhísí Oifige mar thoradh ar bhriseadh amach na paidéime i gcás inarbh éigean acmhainní a aistriú chun timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil do bhaill foirne agus trealamh a chur ar fáil do bhaill foirne chun obair a dhéanamh sa bhaile.

Agus baill foirne ag obair sa bhaile ó mhí an Mhárta 2020 i leith, tháinig laghdú ar an méid gáis, leictreachais agus páipéir a úsáideadh agus an méid taistil a rinneadh, ar rud tairbheach don chomhshaol a bhí ann.

In 2020 laghdaigh OPAS an méid páipéir a bhí á úsáid i ndlíthíocht agus i seirbhísí dlí eile trí dhul in oiriúint do nósanna imeachta ríomhdhlíthíochta a bhfuil údarás cúirte acu. Dá bharr sin, cuireadh níos mó ríomh-mhionteagaisc faoi bhráid na gcúirteanna agus faoi bhráid páirtithe freasúracha le linn cásanna. Laghdaíodh an úsáid a baineadh as páipéar agus priontáil trí athrú chuig soláthar fíorúil ar líne le haghaidh imeachtaí foghlama agus forbartha.

Cumarsáid inmheánach a bharrfheabhsú

Ta na hAonaid Acmhainní Daonna freagrach as cleachtais AD forásacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin straitéisí agus beartais AD a fhorbairt, fórsa saothair a phleanáil, earcú agus roghnú, bainistíocht feidhmíochta agus éagsúlacht agus cuimsiú. Tuigeann an Oifig an ról atá ag sainscileanna bainistíochta i leith acmhainní daonna chun fórsa saothair ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a choinneáil.

Cuid 3

Iarscríbhinní

Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2020

Billí Poiblí Ginearálta

- An Bille Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2020
- An Bille Leithreasa 2020
- An Bille um an bPríomh-Ospidéal Meabhar-Ghalar (Athshuíomh) 2020
- An Bille um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- An Bille um Thaifid an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Árais Mháithreacha agus Naíonáin agus Nithe áirithe gaolmhara), agus um Ní eile 2020
- Bille na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19) 2020
- An Bille um Ghóchumadh 2020
- An Bille um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú) 2020
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin) (Covid-19) 2020
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2020
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú) Bill 2020
- An Bille Cosanta (Leasú) 2020
- An Bille um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19) 2020
- An Bille Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- An Bille Airgeadais 2020
- An Bille um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) 2020
- An Bille um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2) 2020
- An Bille Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- An Bille Sláinte (Leasú) 2020
- An Bille Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta agus Critéir Incháilitheachta a Athrú) 2020
- An Bille Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail) 2020
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú) 2020
- An Bille um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta (Leasú) 2020
- An Bille um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair (Leasú) 2020
- An Bille um Airí agus Rúnaithe agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte, Breithiúnacha agus Cúirte (Leasú) 2020
- An Bille um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin 2020
- An Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) 2020
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2020
- An Bille um Pá Seirbhíse Poiblí 2020

- An Bille um Shábháilteacht Iarnróid (Tionóiscí Tromchúiseacha, Tionóiscí agus Teagmhais a bhaineann le hIarnróid Áirithe a Thuairisciú agus a Imscrúdú) 2020
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe 2020
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe agus Luacháil 2020
- An Bille Leasa Shóisialaigh (Covid-19) (Leasú) 2020
- An Bille Leasa Shóisialaigh 2020
- An Bille um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2020

Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2020

Achtanna Poiblí Ginearálta

- An tAcht Leithreasa 2020
- An tAcht um an bPríomh-Ospidéal Meabhar-Ghalar (Athshuíomh) 2020
- An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- An tAcht um Thaifid an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Árais Mháithreacha agus Naíonáin agus Nithe áirithe gaolmhara), agus um Ní eile 2020
- Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19) 2020
- An tAcht um Rátháíocht Chreidmheasa (Leasú) 2020
- An tAcht um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh) 2020
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin) (Covid-19) 2020
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Chinntí ar Bhearta Maoirseachta) 2020
- An tAcht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19) 2020
- An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- An tAcht Airgeadais 2020
- An tAcht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) 2020
- An tAcht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2) 2020
- An tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- An tAcht Sláinte (Leasú) 2020
- An tAcht Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta agus Critéir Incháilitheachta a Athrú) 2020
- An tAcht Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail) 2020
- An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2020
- An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta (Leasú) 2020
- An tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair (Leasú) 2020
- An tAcht um Airí agus Rúnaithe agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte, Breithiúnacha agus Cúirte (Leasú) 2020
- An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin 2020
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2020
- An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid (Tionóiscí Tromchúiseacha, Tionóiscí agus Teagmhais a bhaineann le hIarnróid Áirithe a Thuairisciú agus a Imscrúdú) 2020
- An tAcht um Ghairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialach) (Leasú) 2020
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2020
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe agus Luacháil 2020
- An tAcht Leasa Shóisialaigh (Covid-19) (Leasú) 2020
- An tAcht Leasa Shóisialaigh 2020
- An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2020

Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2020

Achtanna Poiblí Ginearálta

- An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020

Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne

Toradh Sealadach 2020 agus Meastachán do na blianta 2020 agus 2021

Meastachán agus Toradh Sealadach don bhliain 2020 agus meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

	An tSeirbhís	Soláthar Measta	Toradh Sealadach	Soláthar Measta
		2020	2020	2021
		€000	€000	€000
	Riarachán			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	12,107	11,377	12,260
A2 (i)	Taisteal agus Cothú	310	80	210
A2 (ii)	Oiliúint & Forbairt, & Costais Theagmhasacha	640	484	640
A2 (iii)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	63	75	100
A2 (iv)	Trealamh Oifige & Seirbhísí Seachtracha TF	665	1,026	700
A2 (v)	Costais Áitribh Oifige	160	103	160
A2 (vi)	Seirbhísí Sainchomhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	43	29	35
A2 (vii)	Saineolas Dlí ar Conradh	280	240	710
	Fo-iomlán	14,268	13,414	14,815
	Seirbhísí eile			
A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	45	50	54
A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	2,439	2,129	2,460
A5	Caiteachais Ghinearálta Dlí	133	89	130
	Iomlán Comhlán	16,885	15,682	17,459
	Le hAsbhaint			
B	Leithreasáí i gCabhair	(705)	(542)	(705)
	Iomlán Glan	16,180	15,140	16,754

Vóta 6: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Toradh Sealadach don bhliain 2020 agus Meastachán do na blianta 2020 agus 2021

Meastachán agus Toradh Sealadach don bhliain 2020 agus Meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	An tSeirbhís	Soláthar Measta	Toradh Sealadach	Soláthar Measta
		2020	2020	2021
		€000	€000	€000
	Riarachán			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	19,233	19,183	19,537
A2(ii)	Taisteal agus Cothú	90	35	90
A2(iii)	Oiliúint & Forbairt, & Costais Theagmhasacha	1,038	954	1,038
A2(iv)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	310	341	310
A2(v)	Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige eile agus Seirbhísí Gaolmhara	750	1,225	750
A2(vi)	Costais Áitribh Oifige	250	161	250
A2(vii)	Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas	100	63	100
	Fo-iomlán	21,771	21,962	22,075
	Seirbhísí eile			
A3	Seirbhísí Seachtracha Dlí	220	142	220
A4	Táillí d'Abhcóidí	15,000	15,246	15,000
A5	Costais Ghinearálta Dlí	1,200	700	1,200
	Iomlán Comhlán	38,191	38,050	38,495
	Le hAsbhaint			
B	Leithreasáí i gCabhair	810	904	810
	Iomlán Glan	37,381	37,146	37,685

Ráitis agus Tuarascálacha i leith Cleachtais Íocaíochta 2020

Oifig an Ard-Aighne

Ginearálta

Chomhlíon íocaíochtaí iomchuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

Íocaíochtaí Déanacha

Rinneadh íocaíochtaí iomlána €2,087,564.74 sa bhliain 2020 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.

Bhí dhá chás €43.98 san iomlán maidir le hús um Íoc Pras a tabhaíodh i rith na bliana.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag íocaíochtaí prasa maidir leo ó Eanáir go Nollaig 2020

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€2,087,564.74
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 go huile)	Nialas
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€1,151.68
Luach na nÍocaíochtaí déanacha mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	0.055%
An líon Íocaíochtaí déanacha de bhreis ar €320	2
An méid Úis a íocadh	€43.98
An méid Úis mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	0.002%
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna	17 lá

Ráitis agus Tuarascálacha i leith Cleachtais Íocaíochta 2020

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig seo, nó thar a ceann, gan an párolla agus caiteachais áirithe eile de chuid na hOifige a áireamh. Maidir leis an líon beag cásanna ar ina leith nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa maidir leo ó Eanáir go Nollaig 2020

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€3,443,621.98
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 go huile)	€18,727.30
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€90,784.01
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí ar fad	3.18%
An líon íocaíochtaí déanacha de bhreis ar €320	57
An méid úis a íocadh	€7,008.62
An méid úis mar % de na híocaíochtaí ar fad	0.20%
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna	31 lá

Miondealú Foirne

	Fir	Mná	% Fir	% Mná
Ard-Rúnaí	1	2	33%	67%
Rúnaí Cúnta	6	7	46%	54%
PO	20.4	40.8	33%	67%
PC	66	120.3	35%	65%
AOF (& AFD)	12.8	14.2	47%	53%
OR	1	1	50%	50%
OF	14	26.4	35%	65%
Ofo (Feidhmeannach Dlí)	3.8	3.8	50%	50%
OC	21	61.7	25%	75%
OCS	2	2	50%	50%
Oifigeach Seirbhísí	4	0	100%	0%

Staitisticí Saorála Faisnéise 2020

Iarrataí	
Iarrataí a Fuarthas	22
Iarrataí a Deonaíodh	3
Iarrataí a Deonaíodh i bPáirt	6
Iarrataí ar Diúltaíodh dóibh	12
Iarrataí nach raibh socraithe ag deireadh na bliana	1
Athbhreithnithe Inmheánacha	1
Táillí a Fuarthas	€30
An Cineál Iarrthóra	
Iriseoir	9
Oireachtas	1
Ball Foirne	1
Eile	11
Ailt (ceann amháin nó níos mó) den Acht a rabhthas ag brath orthu i leith iarrataí a deonaíodh i bpáirt nó iarrataí ar diúltaíodh dóibh	15, 28-33, 35-37, 42